

Fís

Beidh Éire ina ceannaire domhanda sa taighde, san fhionnachtain agus sa nuálaíocht i réimse na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

Misean

Cuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cinn sochaí agus geilleagar na hÉireann trí thacú leis an taighde eolaíochta agus innealtóireachta is fearr agus feasacht á múscailt aici i leith an róil agus na ndeiseanna a chruthaíonn an eolaíocht agus i leith thionchar na heolaíochta.



Clár Oibre 2020

- 1 A bheith ar an ngníomhaireacht is fearr ar domhan a dhéanann cistiú ar an eolaíocht i ndáil le tionchar a chruthú de bharr taighde den chéad scoth agus luach soiléir a léiriú ar airgead arna infheistiú.
- 2 A bheith inár n-eiseamláir i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt a dhéanann cistiú ar eolaíocht den chéad scoth agus a chuireann chun cinn í sa mhargadh agus sa tsochaí.
- 3 An pobal is rannpháirtí agus is eolaí faoin eolaíocht a bheith againn.
- 4 A bheith inár n-eagraíocht nua-aimseartha den scoth de chuid na seirbhíse poiblí, ag a bhfuil soláthar foirne atá barainneach, solúbtha, le bainistíocht éifeachtúil, éifeachtach.

Maidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú ar bhuntaighde saindírithe agus taighde feidhmeach i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, agus na matamaitice (STEM) a dhéanann forbairt agus iomaíochas tionscail, fiontar agus fostaíochta in Éirinn a chur chun cinn, agus cuidiú leis an gcéanna.

Ina theannta sin, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cinn an staidéar ar na hábhair STEM, oideachas sna réimsí sin agus gabháil do na réimsí sin, agus tacaíonn sé leo, mar aon le heolas agus tuiscint a chothú ar fhiúntas na n-ábhar STEM don tsochaí agus, go háirithe, d'fhás an gheilleagair.

Table of Contents

Príomhstaitisticí agus Tionchar	2
Ráiteas an Chathaoirligh	7
Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	9
Athbhreithniú ar an mBliain 2015	10
Forléargas ar Ghníomhaíochtaí na Bliana 2015	16
Rialachas, Struchtúr Eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla	33
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	46
Ceangaltais Deontais agus Anailís ar Íocaíochtaí 2015	65

Eolaíocht den Scoth

Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag cuidiú le Rangú Idirnáisiúnta na hÉireann:

Tá **Éire** sa **14ú** háit sa rangú eolaíochta ar domhan

- ★ Sa **2ú** háit sa Cheimic
- ★ Sa **2ú** háit sa Nanaitheicneolaíocht
- ★ Sa **2ú** háit san Imdhíoneolaíocht
- ★ Sa **3ú** háit in Eolaíocht Ainmhithe agus Déiríochta
- ★ Sa **3ú** háit sna hEolaíochtaí Talmhaíochta
- ★ Sa **4ú** háit in Eolaíocht na nÁbhar
- ★ Sa **4ú** háit sa Mhatamaitic



Comhoibriú Idirnáisiúnta

Bhí taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag gabháil do 2081 babhta comhoibrithe acadúil idirnáisiúnta in **62** tír

Thuairiscigh taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

4,406



foilseachán san iomlán

Tá **44%** de na foilseacháin i dtaisclanna rochtana oscailte

Tionchar Geilleagrach

Infheistíocht sa Taighde ag Tacú le Poist agus le Geilleagar na hÉireann sa Todhchaí

Caiteachas

€154m

ar fud cláir ábhartha de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Cistiú

€130m

giarálte ó fhoinsí seachas an Státhchiste

Cistiú

€79m

faighte ón AE; **trí oiread** an méid a fuarthas in 2014

a thacaíonn ar bhonn díreach agus indíreach

le 28,000 post in Éirinn

38 dámhachtain faoi scéim na gcomhdhálacha agus na gceardlann – **4784** toscaire idirnáisiúnta. Luach geilleagrach **€ 4.8 milliún** réamh-mheasta d'Éirinn

Comhoibriú le hEarnáil na Tionsclaíochta

Thacaigh dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn díreach le



1,220

babhta comhoibrithe leis an earnáil tionsclaíochta

(níos mó ná ceann amháin i gcás roinnt cuideachtaí)



711 babhta comhoibrithe le cuideachtaí ilnáisiúnta

509 babhta comhoibrithe le fiontair bheaga agus mheánmhéide

Ina measc bhí:

- **372** cuideachta ilnáisiúnta
- **437** fiontar beag agus meánmhéide

cuideachtaí aonair

€38m

faighte ó Fhiontar Príobháideach in 2015 – méadú **44%** i gcomparáid le 2014

Tallann agus Scileanna

1,300+ mac léinn iarchéime ar thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo

4,040



duine ag obair ar thionscadail taighde ar thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo



24%

de na mic léinn a d'fhág agus PhD acu, is ag obair in earnáil na tionsclaíochta a chuaigh siad

Oideachas agus Rannpháirtíocht

Ag déanamh iarracht an pobal is eolaí ar an eolaíocht a bhaint amach.

Fuair

550

bunscoil Éireannach Gradam Barr Feabhais Eolaíochta agus Matamaitice Fhondúireacht Eolaíochta Éireann



Ghlac

92,000

mac léinn páirt sa chlár meantóireachta tionsclaíochta 'Todhchaí Chliste' ó bunaíodh é

Ghlac taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann páirt i

2,000+

agallamh leis na meáin

700+

léacht agus taispeántas poiblí

Chuimsigh

SCIENCE WEEK



8 bhfeile eolaíochta réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Port Láirge, Sligeach, Maigh Eo agus sa Réigiún Láir Tíre, mar aon le clár náisiúnta ina raibh breis is

800 imeacht ag a raibh lucht féachana

250,000 duine



1,275

cuairt ar bhunscoileanna agus meánscoileanna



Comhpháirtíochtaí le lucht cistithe náisiúnta agus idirnáisiúnta



An Nuálaíocht – An bhunchloch i gcomhair geilleagar láidir, inbhuanaithe agus i gcomhair sochaí níos fearr do chách

Ina cáil mar an cisteoir iomaíoch is mó i dtaobh na heolaíochta in Éirinn, tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann le fíis an rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ina Ceannaire Nuálaíochta Domhanda, rud a spreagfaidh geilleagar inbhuanaithe láidir agus sochaí níos fearr do chách. Tá ár gcuid spriocanna ag teacht leis na Réimsí Tosaíochta Náisiúnta um Thaighde agus le straitéis eolaíochta agus nuálaíochta na hÉireann – Nuálaíocht 2020. Dírímid ár n-acmhainní ar bharr feabhais, tallann agus tionchar sa taighde a ndéanaimid cistiú air agus sa rannpháirtíocht leis an eolaíocht a chumasáimid, ón mbunscoil go dtí an leibhéal iardhochtúireachta go dtí taighdeoirí sinsearach a bhfuil ainm in airde orthu ar fud an domhain. Cuirimid fáilte roimh an tiomantas i dtaobh cur leis an infheistíocht phoiblí agus an infheistíocht phríobháideach sa taighde chun an sprioc nuálaíochta de 2.5% den OTN a bhaint amach faoi 2020. Beidh an lucht acadúil agus an lucht fiontar ag obair le chéile chomh maith, agus tacóidh an dá chur chuige sin le comhlíonadh uailmhian na hÉireann.

Is dámhachtainí iomaíocha iad dámhachtainí go léir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus déantar athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta ar na hiarratais i leith fhiúntas na heolaíochta agus i leith tionchar féideartha na taighde in Éirinn. Seo a leanas samplaí den nuálaíocht atá cistithe trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Sláinte agus leigheas

- Tá sé léirithe ag an **Ollamh Luke O'Neill** agus a fhoireann (TCD) go bhfuil féidearthacht ann i dtaobh gníomhaí teiripeach nua chun déileáil le réimse leathan galar athlastach, lena n-áirítear scléaróis iolrach agus galar Alzheimer. Ina gcuid sonraí, a foilsíodh i bpáipéar san iris *Nature Medicine*, déantar cur síos den chéad uair ar shainchoscaire an-láidir den olagaiméir NLRP3, comhpháirt den fhreagairt athlastach sa chóras imdhíonachta inbheirthe.
- D'fhoilsigh an **tOllamh John Atkins** agus comhghleacaithe leis (UCC) páipéar in *Proc Natl Acad Sci USA* ina ndearna siad cur síos ar mheicníocht nua sciortha tras-scríofa a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh i dtaobh cur i gcoinne an víris is cúis le Galar Crúibe is Béil, agus i dtaobh tuiscint a fháil ar an tionchar a imríonn easpa micreachothaitheach riachtanach sa duine.
- Sa taighde a rinne an **tOllamh Patrick Guiry** agus an **tOllamh Catherine Godson** (UCD), cuirtear i láthair bealach nua chun tuiscint a bheith againn ar mar a dhéileáil an corp le saill sa chorp agus mar a rialaíonn sé a fhreagairt di, rud a d'fhéadfadh cabhrú le maolú a dhéanamh ar an gcúis is bonn lena lán galar otrachta. Foilsíodh a gcuid taighde san iris *Cell Metabolism*.
- Bronnadh an gradam bliantúil 'Taighdeoir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann' na bliana 2015 ar an **Ollamh Louise Kenny** agus an **Ollamh Geraldine Boylan** ó **Lárionad Taighde INFANT SFI** (UCC) le haghaidh fionnachtana ceannródaíochta agus forbairt teicneolaíochtaí nua le haghaidh taighde i dtaobh toirchis, monatóireacht fhiseolaíoch roimh dheireadh an toirchis, fadhbanna néareolaíochta i measc naíonán agus cothú naíonán agus máithreacha.

Bia

- Tá taighdeoirí in APC (UCC), faoi stiúir an **Ollaimh John Cryan** agus an **Ollaimh Ted Dinan**, tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na comharthaí bithcheimiceacha a rialaíonn na naisc thábhachtacha sláinte agus forbartha idir an inchinn, an stéig agus micribithóm. Foilsíodh a gcuid torthaí i bpáipéar san iris *Brain, Behavior and Immunity*.
- Tríd an obair atá ar bun ag an **Dr David MacHugh** (UCD) ar na naisc ghéiniteacha idir speicis fhiáine bhuaibheacha (áracsanna) nach ann dóibh níos mó agus eallach nua-aimseartha feirme na Breataine agus na hÉireann, táimid ag teacht ar thuiscint ar chomhdhéanamh géiniteach thréada an lae inniu agus ar an mbaint atá aige sin le táirgeacht bainne agus mairteola.
- I gcomhthéacs na himní níos mó atá ar dhaoine anois go bhféadfadh sé go bhfuil drochthionchar ag feithidicídí neoinicítínóideacha ar líon agus ar ghníomhaíochtaí pailneoirí cosúil le beacha, tá sé léirithe sa taighde atá déanta ag an **Dr Jane Stout** (DCU) gur fearr le beacha agus iad ar thóir foráiste bia ar a bhfuil na feithidicídí sin, agus go bhfágann sé sin go n-itheann siad níos lú bia tríd is tríd. Baineadh leas as a cuid oibre i bpáipéar san iris iomráiteach *Nature*.
- Sa tuairisc ar obair a rinne an **tOllamh Helen Roche** (UCD), a foilsíodh san iris *Diabetes*, léirítear mar is féidir le haigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe maolú a dhéanamh ar an athlasadh óna dtagann friotaíocht insline agus diaibéiteas.



Seirbhísí agus próisis ghnó

- Tá an **tOllamh Rob Kitchin**, a bhfuil Ard-Dámhachtain ERC (NUIM) bronnta air, tar éis tionscnamh um Baile Átha Cliath Cliste a fhorbairt. **Dublin Dashboard** is ainm don tionscnamh, agus is éard atá i gceist leis faisnéis mhionsonraithe fíor-ama ar an gcathair a sholáthar chun tacú le cinnntí a dhéanaimid gach lá faoi thurais, cinn scríbe, gníomhaíochtaí srl.
- Rinne Braisle Ríomha na Matamaitice Airgeadais, faoi stiúir an **Ollaimh John Cotter** (FMC², UCD) staidéar ar riosca i leith eastát réadach, agus é ina aidhm acu tuiscint níos fearr a fháil ar an riosca margaidh a bhaineann leis. Rinne an grúpa samhaltú ar rioscaí a bhaineann le heastát réadach agus leis an tionchar a bhíonn acu ar phraghsáil sócmhainní. Foilsíodh torthaí a gcuid oibre san iris *Real Estate Economics*.
- Tá an **Dr Ann-Marie O'Hagan** ó Lárionad Taighde MaREI SFI (UCC) tar éis tuairisc is annamh i scríbhinn a thabhairt ar rialáil fuinnimh in-athnuaite muirí i dtéacsleabhar dlí (*Routledge Handbook of Maritime Regulation and Enforcement*) a chuireann bonn eolais faoi fhorbairt clár taighde dlí idirnáisiúnta.
- De bharr na hoibre atá á déanamh ag an **Dr Fergal McCaffrey** agus a fhoireann (Lero/DKIT) i dtaobh teicneolaíocht feistí leighis, tá ar chumas monaróirí cloí le caighdeán rialála idirnáisiúnta arna leagan síos ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC), lena mbunaítear Éire mar láthair thábhachtach le haghaidh taighde ar fheistí leighis i réimse na mbogearraí innealtóireachta.



Déantúsaíocht agus ábhair

- Sa taighde atá déanta ag **an Ollamh Michael Zaworotko** (UL) tugtar breacchuntas ar theicníc chun CO₂ a leithlisiú, bíodh sé ó mheascáin gháis nó go díreach ó aer, rud a d'fhéadfadh cabhrú le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Foilsíodh torthaí a chuid oibre in *Angewandte Chemie*.
- Bronnadh Deontas Daingnitheora ERC dar luach €2.5 milliún ar **an Ollamh Valeria Nicolosi** ó Lárionad Taighde AMBER SFI (TCD), an ceathrú dámhachtain ERC a bronnadh uirthi le cúig bliana anuas. Sa taighde is déanaí dá cuid, dírtear ar chadhnraí a sheasann ar feadh i bhfad i bhfad a fhorbairt, ar féidir iad a chur in oiriúint go héasca lena n-úsáid i bhfeistí éagsúla, amhail fóin chliste, éadaí agus feistí leighis.
- Tá an taighde atá ar bun ag **an Dr Peter Crowley** (OÉG) ar struchtúr próitéine peigealáitithe ag cur go mór le dearadh teirpice próitéinbhunaithe d'earnáil na bithchógaisíochta, tionscal a bhfuil borradh mór faoi in Éirinn. Foilsíodh torthaí na hoibre sin san iris *Nature Chemistry*.
- D'aimsigh **an tOllamh Jonathan Coleman** ó Lárionad Taighde AMBER SFI (TCD), i gcomhar le Thomas Swan Ltd, bealach nuálach le haghaidh méideanna níos mó nanaibhileog graiféine 2T a dhéanamh a bheidh thar a bheith úsáideach i dtaobh níos mó ábhair a dhéanamh le haghaidh úsáide i dturgnaimh agus úsáid tráchtála amach anseo. Áiríodh an tOllamh Coleman ar liosta na bliana 2015 de chuid Thompson Reuters de na heolaithe is mó tionchair ar domhan as ucht a chuid oibre.

TFC

- D'fhoilsigh an **Dr Naomi Harte** as ADAPT (TCD) páipéar san iris *IEEE Transactions on Multimedia* ina gcuirtear i láthair bunachar sonraí comhroinnte poiblí nua don aithint cainte chlosamhairc (AVSR). Bhí srian ar an dul chun cinn maidir le AVSR uathoibríoch go dtí seo mar gheall ar an easpa bunachar sonraí taighde oiriúnach. Tá an bunachar sonraí seo sách mór agus de cháilíocht sách ard go mbeidh sé ina acmhainn agus ina chóras tagarmhairc do ghrúpaí taighde ar fud an domhain, rud a chabhróidh leo obair úrscóthach eile fós a dhéanamh i dtaobh taighde AVSR.
- Sa taighde atá déanta ag **an Uasal Brian Corbett** agus **an Dr Fatima Gunning** (IPIC/Tyndall) a foilsíodh san iris *Optics Express*, glactar céimeanna suntasacha i bhforbairt na gcóras tarchurtha den chéad ghlúin eile chun freastal ar an éileamh forásach ar thrácht Idirlín ard-bhandaleithid.
- Trí na teicnící difriúla stílithe atá ag **an Dr Rachel McDonnell** (TCD) lena n-úsáid i scannáin bheoite 3T, braitear go bhfuil na carachtair níos réalaíche, níos tarraingtí, níos uaibhrí agus gur fearr aithne orthu. Foilsíodh torthaí a cuid oibre san iris *ACM Transactions on Graphics*.
- Is í **Claire McInerney Uasal**, Bainisteoir Oideachais agus For-rochtana (UL/Lero) a bhí i gceannas ar fheidhmiú Chlár Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na Múinteoirí i leith Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí ar Chódú.
- Díríonn taighde **an Dochtúra Chris Bleakley** (UCD) ar mhodh nua chun meastachán a dhéanamh i dtaobh suíomh WiFi faoi dhíon a d'fhéadfadh cuidiú le nascleanúint phearsanta faoi dhíon (in aerfoirt, mar shampla), rianú othar in ospidéal, aimsiú teagmhálaithe éigeandála agus aslonnú úsáideoirí i gcás éigeandála, nó chun cuidiú ionróirí a bhrath agus a aimsiú.
- Tá impleachtaí tábhachtacha ag obair **an Dochtúra Peter Corcoran** (OÉG) maidir le slándáil sonraí airgeadais agus sonraí pearsanta íogaire a ndéanann daoine iad a rochtain ar a gcuid gléasanna láimhe. Foilsíodh torthaí a chuid oibre san iris *IEEE Transactions on Consumer Electronics*.
- Bhí **an tOllamh Barry O'Sullivan** ó Lárionad Taighde Insight SFI (UCC) i gceannas ar fhorbairt 'Magna Carta do Shonraí', tionscnamh atá a reáchtáil i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach chun feabhas a chur ar rialachán Eorpach i leith príobháideacht sonraí.



Fuinneamh

- Leanadh in 2015 leis an mborradh a bhí faoi **Oxymem**, mac-chuideachta de chuid UCD, agus tá breis agus 40 duine fostaithe sa chuideachta sin anois san Iarmhí. Tá rath na chuideachta tógtha ar fhionnachtain teicneolaíochta a laghdaíonn go mór na costais oibriúcháin i dtaobh aerú fuíolluisce agus a fhágann go spáráiltear ceithre oiread an méid airgid ar chostais fuinnimh i gcomparáid le haerú éigeantach. Faigheann an tOllamh Eoin Casey, comhbhunaitheoir na chuideachta, cistiú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trí scéimeanna éagsúla, lena n-áirítear an Clár Dámhachtainí um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA).
- I bpáipéar a foilsíodh san iris *Nature Materials*, tá sé taispeánta ag **an Ollamh Paul Hurley** (Tyndall, UCC) agus a fhoireann, i gcomhar le taighdeoirí ó Ollscoil Stanford, gurb amhlaidh, má thugtar isteach ábhar nua i struchtúr grianchille uisce-dhíonaí faoin uisce, go gcuirtear lena héifeachtúlacht maidir le táirgeadh fuinnimh. Tá impleachtaí tábhachtacha ag an méid sin in earnáil an fuinnimh in-athnuaite.
- I bpáipéar a foilsíodh san iris *Energy*, d'fhorbair **an Dr Kevin McDonnell** (UCD) agus a fhoireann córas tacaíochta cinntí le haghaidh bainistíocht fheabhsaithe i dtaobh slabhra soláthair bithmhaise. Cuidíonn an córas sin rogha a dhéanamh cén fhoraíocht atá le baint, agus cén uair, agus cé chomh fada is ceart ábhair adhmaid a stóráil, rud a laghdaíonn an cion taise agus a dhéanann éifeachtúlacht fuinnimh na hacmhainne bithmhaise a bharrfheabhsú.
- Bealach simplí is ea Comhchruinnitheoirí Lonracha Gréine chun leas a bhaint as solas thar limistéir mhóra agus é a thiontú ina leictreachas. Trí thaighde atá déanta ag **an Dr Rachel Evans** (TCD), tacaíodh le forbairt móilíní nuálacha a chabhróidh le Comhchruinnitheoirí Lonracha Gréine níos mó solais a úsáid, rud a chuirfidh le héifeacht na ngléasanna sin. Foilsíodh torthaí a cuid oibre san iris *Advanced Functional Materials*.
- Bhí **an tOllamh Henry Curran**, Stiúrthóir an Ionaid Ceimice Dóchain in OÉG, ar liosta na bliana 2015 de chuid Thompson Reuters de na heolaithe is mó tionchair ar domhan. Bhí deichniúr Éireannach san iomlán ar an liosta taighdeoirí sin – cúigear ó OÉG, duine amháin ó UCD, duine amháin ó Ollscoil Luimnigh, duine amháin ó Theagasc agus triúr ó TCD.



Lárionaid Taighde SFI

In 2013, bunaíodh seacht Lárionad Taighde SFI ar scála mór agus ardleibhéal feabhais, agus bunaíodh cúig cinn eile in 2015.

Tá an 12 Lárionad Taighde sin dírithe ar réimsí straitéiseacha a mbaineann tábhachtach leo d'Éirinn, lena n-áirítear an Chógaisíocht, Olltíomsú Sonraí, Feistí Leighis, Nanaitheicneolaíocht/Ábhair, Fuinneamh In-athnuaite Muirí, Bia Sláinte/Bia Feidhme, Taighde Imbhreithe, Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha, Bogearraí, Ábhar Digiteach agus Teileachumarsáid.

Léiríonn na sonraí thíos na torthaí carnacha do na seacht Lárionad Taighde SFI a bunaíodh in 2013 ó thráth a mbunaithe go dtí deireadh 2015:

Eolaíocht den Scoth



Foilseacháin
Irise

1,837

Dámhachtainí ERC
a deonaíodh

11

940

Foilseachán
Comhdhála

24

Babhta
Comhordaithe
le tionscnaimh
mhóra AE

Tallann agus Scileanna

28 Céimí MSc/
MEng



108

Céimí
PhD

% na mac léinn faoi oiliúint a
raibh earnáil na tionsclaíochta
mar chéad cheann scríbe acu

23%

Tionchar Geilleagrach



300

Babhta Comhoibrithe
le lucht tionsclaíochta

122 dámhachtain
tráchtálaíochta
de chuid
Fhiontraíocht
Éireann

61

Comhaontú
ceadúnais

Cistiú ó fhoinsí
neamh-
stáitchiste agus
neamhthráchtála

€58 milliún

Airgead a Fuarthas ó
Lucht Tionsclaíochta

€14 mhilliún




% Sciar chostas
Tionsclaíochta
(airgead)

13%

% Sciar chostas
Tionsclaíochta
(iomlán)

28%



Ráiteas an Chathaoirligh

Ba dheacair a rá nár bhliain ab ea 2015 ina cuireadh éachtaí móra i gcrích i ngach réimse de ghníomhaíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. D'ardaigh rang na hÉireann sna rátálacha bibliméadrachta domhanda i dtaobh cáile; ba í an bhliain ab fhearr fós í i dtaobh dámhachtainí ón gComhairle Eorpach um Thaighde, agus, ar bhonn níos leithne, fuair eamar níos mó dámhachtainí AE ná mar a fuair riamh roimhe seo. Tá Lárionaid Taighde SFI ag feidhmiú ar ardleibhéal ó thaobh comhoibriú le lucht tionsclaíochta agus rinneamar athnuachan ar chomhpháirtíochtaí suntasacha taighde idirnáisiúnta agus bhunaíomar cinn nua.



Ina theannta sin, thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann a cuid cumarsáide, a cuid oideachais agus rannpháirtíocht an phobail chuig leibhéal nua: thionsaigh sí méadracht ar thuairimí an phobail i dtaobh na heolaíochta agus d'aimsigh sí na bacainní atá ar staidéar ar ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) i ndáiríre, rud a thabharfaidh bonn eolais don tionchar a bheidh ag ár straitéisí cumarsáide agus for-rochtana feasta.

Straitéis

Rinneadh an-idirghníomhaíocht leis an lucht bainistíochta i dtaobh straitéise i mbliana, agus díriodh aird ar leith ar na hearnálacha FBM a bheith páirteach san éiceachóras taighde; cur le leibhéal saineolais i réimsí straitéiseacha taighde atá ag teacht chun cinn in Éirinn; cur le hionadaíocht na mban san Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (SET) in Éirinn; agus cineálacha cur chuige chun dul i mbun rannpháirtíochta leis an bpobal agus muintir an phobail a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le taighde eolaíoch don tsochaí agus don gheilleagar.

D'oibrigh muid as lámha a chéile chun deiseanna a aithint i ndáil le straitéisí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a chur i bhfeidhm níos luaithe agus ar shlí níos éifeachtaí, agus chomhaontaíomar gníomhartha chun na deiseanna is tábhachtaí a thapú, lena n-áirítear Fo-Choiste Cumarsáide den Bhord a bhunú chun tacú le Straitéisí Cumarsáide agus Rannpháirtíochta Poiblí níos iomlánaíche a fhorbairt.

Choimisiúnaigh Coiste Ceadaithe Deontas an Bhoird meastóireacht neamhspleách ar phróiseas athbhreithnithe piaraí na heagraíochta, agus cuirfear chun feidhme na moltaí a d'eascair aisti sin. Thug PwC an t-eolas is nuaí don Bhord faoi bhainistíocht riosca. Ina theannta sin, thacaigh an Bord le próiseas iniúcháireachta ar Institiúidí Ardoideachais atá á gcistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lena gclúdaítear réimsí amhail sláine taighde, comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla, eiticíúla agus ceadúnaithe, maoin intleachtúil (IP) agus sláine. Forbraíodh próiseas trédhearcach, láidir cothrom chun déileáil le líomhaintí mí-iompair taighde freisin. (Is féidir sonraí i dtaobh ár struchtúir rialachais a léamh ar leathanach 42).

Cheadaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann dámhachtainí nua infheistíochta dar luach €131 milliún in 2015. I gcomhréir lena údarás tarmhligthe ceadaithe, cheadaigh an Coiste Ceadaithe Deontas 38 dámhachtain díobh sin, arbh fhiú €67 milliún san iomlán iad.

Bhronn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann an deimhniúchán 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe' ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí na Nollag 2015. Bronnadh deimhniúchán NSAI SWIFT 3000 uirthi freisin le haghaidh rialachas corparáideach.

Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

In 2015, bhí an Bord i mbun rannpháirtíochta fhiúntach le go leor páirtithe leasmhara tábhachtacha seachtracha, lena n-áirítear cruinniú Boird i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus cruinniú leis an Uasal Tom Boland, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás um Ard-Oideachas, maidir le cur le líon na mac léinn a thugann faoi chéim PhD. Bhuail eamar freisin leis an Dr Paddy Prendergast, Propast, Coláiste na Tríonóide agus leis an fhoireann ghradamach atá á cistiú ag SFI in AMBER (Advanced Materials and Bio Engineering Research nó Taighde Ard-Ábhair agus Bithinnealtóireachta), an Lárionad Taighde de chuid SFI.

Rinneamar teagmháil rialta lenár bpáirtithe leasmhara agus ár bhfostaithe lena chinntiú go dtuigeann siad an dul chun cinn atá á dhéanamh againn agus ár gcuid pleananna. D'fhreastail an tAire Damien English ar chruinniú an Bhoird i mí Mheán Fómhair; tionóladh cruinnithe idirchaidrimh dhá uair sa mhí idir baill foirne shinsearach dár gcuid agus oifigigh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Thionóil an tArd-Stiúrthóir cruinnithe seachtainiúla faisnéise leis an bhfoireann. Bhain an Bord leas freisin as cruinniú le fostaithe uile Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí na Nollag chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneamar in 2015.

Tá Lárionaid Taighde SFI ag feidhmiú ar leibhéal ard

Tá na gníomhaireachtaí fiontraíochta – Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann – ag cothú na timpeallachta do chomhoibriú den scoth idir lucht tionsclaíochta agus lucht acadúil

Oibríonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ndlúthpháirt le líonra leathan páirtithe leasmhara sa rialtas, san earnáil oideachas, san earnáil tionsclaíochta agus leis an bpobal i gcoitinne. Chomh maith leis sin, bímid ag obair ar bhonn laethúil le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí rialtais eile, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine as a rannpháirtíocht agus as an tacaíocht a thug siad dúinn in 2015. Táimid ag tnúth le leanúint den idirghníomhaíocht dhearfach sin.

Ag Féachaint Amach Romhainn

I bhfianaise fhoilsiú straitéis eolaíochta agus nuálaíochta an Rialtais, Nuálaíocht 2020, déanfaimid athbhreithniú, más gá, ar ár gcuspóirí i gClár Oibre 2020 lena chinntiú gur féidir le Fondúireacht Eolaíochta Éireann tacú le spriocanna uailmhianacha an Rialtais. Mar chuid den phróiseas sin, beimid ag díriú ar fhórsa saothair a phleanáil lena chinntiú go mbeidh acmhainní láidre againn a bhfuil a gcuid iarrachtaí dírithe mar is ceart.

Is cuid thábhachtach de mhisean Fhondúireacht Eolaíochta Éireann é feasacht a mhúscaillt i leith ról agus tionchar na heolaíochta agus i leith na ndeiseanna a chruthaíonn sí, agus chun na críocha sin is mór ag an mBord feachtas na bliana 2016 dár gcuid, ScienceRising. Faoin bhfeachtas sin, cuirtear ar ár gcumas dúinn an pobal a chur ar an eolas faoin dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh ag na taighdeoirí a dtugaimid cistiú dóibh, i dtaobh na sochaí agus an gheilleagair.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtacaíocht agus as an am a chaitheann siad le gnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trína gcuid oibre agus trí fhreastal ar chruinnithe Boird agus cruinnithe na gCoistí le linn na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Uasal Dermot Curran, a d'éirigh as an mBord i mí Aibreáin, as an gcion a rinne sé go díograiseach ar son Fhondúireacht Eolaíochta Éireann thar na blianta, agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Uasal Dermot Mulligan ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a tháinig i gcomharbas air. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'athcheapadh an Dochtúra Pat Duane agus Bernie Cullinan Uasal ina gcomhaltaí Boird i Meán Fómhair 2015.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh le gach duine atá fostaithe le Fondúireacht Eolaíochta Éireann as an tiomantas seasta atá acu dár spriocanna a chomhlíonadh. Déanann fostaithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dian-iarracht barr feabhais a bhaint amach i ngach rud a dhéanann siad – téann a gcuid fuinnimh agus a ndíograis i bhfeidhm go mór orm i gcónaí. Leanfaimid ar aghaidh ag díriú ar an gcultúr, na luachanna agus an timpeallacht ina n-oibrímid, agus beimid seasta ag déanamh ár míle díchill a chinntiú gur áit oibre iontach ar fad í Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Táimid ag tnúth le bliain spreagúil eile ina mbeimid ag tacú le scoth an taighde eolaíochta agus innealtóireachta d'fhonn sochaí agus geilleagar na tíre a chur chun cinn.

Is mise, le meas,



Ann Riordan
Cathaoirleach
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra



Cuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cinn sochaí agus geilleagar na hÉireann trí thacú leis an taighde eolaíochta agus innealtóireachta is fearr, agus feasacht á múscailt aici i leith an róil agus na ndeiseanna a chruthaíonn an eolaíocht agus i leith a tionchair.

Ag breathnú siar dúinn ar an mbliain seo atá imithe tharainn, is léir go bhfuil Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag tacú le daoine den scoth trí dhíriú go dúthrachtach ar bharr feabhais agus ar thionchar, ag teacht le Réimsí Tosaíochta Taighde Náisiúnta an Rialtais. Ag obair dúinn as lámha a chéile, tá smaointe nuálacha á gcur chun cinn againn, tá comhoibriú bríoch á chothú againn le lucht tionsclaíochta agus lucht cistithe sa tír seo agus thar lear ionas go ndéanfar na fionnachtana agus na nuálaíochtaí óna dtiocfaidh poist nua, fás geilleagrach agus sochair don tsochaí, ar nós sláinte níos fearr agus timpeallacht níos fearr do chách.

Áirítear iad seo a leanas ar an gcion a rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na foirne taighde ar thacaíomar leo in 2015: Lárionaid Taighde SFI a thógáil atá ar scála, barr feabhais agus ábharthacht dhomhanda; taighdeoirí óga agus daoine a bhfuil clú taighde orthu cheana a mhealladh agus oiliúint a chur orthu; fionnachtana tábhachtacha bunúsacha a dhéanamh; mac-chuideachtaí a bhunú; ceangal níos dlúithe a dhéanamh idir muintir na hÉireann agus an eolaíocht; agus cur leis an gcáil atá ar Éirinn thar lear.

Tallann agus Scileanna


Measann an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Toghcháil (EGFSN) go bhfuil ganntanas mór scileanna sa réimse TFC go háirithe, agus go bhfuil an ganntanas céanna ag teacht chun cinn i réimsí eile. Aontaímid agus tacaímid leis an mbonn tuisceana go bhfuil an fháil atá ar dhaoine den scoth a bhfuil oiliúint chúil orthu ar cheann de na gnéithe is mó tionchair ar an taighde eolaíoch arna chistiú go poiblí toisc gur féidir leis na daoine sin freastal ar chuid den riachtanas scileanna, rud a chruthaíonn ceannairí taighde iontacha, atá iomlán neamhspleách, thar speictream na n-ábhar STEM.

Faoi chláir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, a forbraíodh i gcomhar le hinstiúidí ardoideachais agus le lucht tionsclaíochta, tugtar tacaíocht do thaighdeoirí atá ag tosú amach ina gcuid gairmeacha nó ina lár. I measc na gclár ar tugadh cistiú dóibh i mbliana tá siadsan atá faoi riar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann amháin, amhail an Deontas Taighde do Thaighdeoirí Tosaigh (SIRG), an Dámhachtain Forbartha Gairme (CDA), Ollúnachtaí sna Lárionaid Taighde agus Ollúnachtaí Taighde, agus clár atá a reáchtáil i gcomhpháirtíocht le lucht cistithe idirnáisiúnta (An Cumann Ríoga agus Wellcome Trust, mar shampla). Rud is díol spéise é is ea gurb amhlaidh, nuair a bhíonn ár gcuid taighdeoirí san iomaíocht le haghaidh cistiú sa Ríocht Aontaithe, go bhfaigheann siad an cistiú i dteannta a gcomhbhádóirí ón Ríocht Aontaithe, rud a léiríonn go soiléir barr feabhais na dtaighdeoirí Éireannacha ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Faoi láthair, tá breis is 4,040 duine ard-oilte ag obair ar thionscadail taighde a dtacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo sna hinstiúidí ardoideachais, lena n-áirítear breis is 1,300 mac léinn iarchéime.

Toisc go n-aithníonn sí go bhfuil an sruth acmhainne ag brath freisin ar chohórt daltaí bun scoile agus iar-bhunscoile a bhfuil muinín acu as a gcumas san eolaíocht agus sa mhatamaitic, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag bainistiú agus ag cistiú roinnt idirghníomhaíochtaí oideachais, foirmiúil agus neamhfoirmiúil araon, in 2015. Ina measc siúd bhí Clár SFI um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na Múinteoirí Bunscoile san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic, ár gcomhpháirtíocht le Clár Foghlama STEM Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus an Tionscadal Ailgéabair le Coiste Gairmoideachais Chill Dara agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Clár um Fhorbairt Gairme an Taighdeora



Tionchar Geilleagrach

Bhí tionchar láidir ar an ngeilleagar ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus ag an bpobal lena dtacaímid in 2015. D'infheistíomar €154 milliún in 2015 ar fud ár gclár taighde go léir, agus mheall na taighdeoirí ar thacaíomar leo €130 milliún eile i gcistiú idirnáisiúnta agus i gcistiú ó lucht tionsclaíochta chun tacú lena dtaighde. Tacaíonn dámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann le 1,220 babhta comhoibríthe le lucht tionsclaíochta, lena n-áirítear 372 cuideachta ilnáisiúnta agus 437 FBM. Measaimid go bhfuil tionchar geilleagrach dearfach ag an rannpháirtíocht agus an infheistíocht mhór sin ar gheilleagar na hÉireann trí thacú, ar bhonn díreach agus indíreach, le 28,000 post.

Thacaíomar le 38 comhdháil agus ceardlann in 2015, ar fhreastail 4,784 toscaire orthu ó thar lear, agus meastar go mbeidh luach geilleagrach €4.8 milliún acu siúd d'Éirinn, agus an t-airgead sin ar fad ag tacú leis an ngeilleagar áitiúil.

Cistiú AE a Ghiaráil

Tá na deontais iomaíocha a fuarthas ó AE, Fís 2020 mar shampla, ina n-eochairtháscaire eile i leith shláinte chóras eolaíoch na hÉireann; bíonn an-iomaíocht ann i dtaobh dhámhachtainí ERC agus Fhís 2020 agus bíonn scileanna nuálaicha agus scileanna comhoibrítheacha araon de dhíth ina leith. In 2015, fuair taighdeoirí atá cistithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú AE dar luach €79 milliún, trí oiread an méid a fuarthas in 2014.

D'éirigh go geal le taighdeoirí a dtacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo i dtaobh dámhachtainí ERC. Faoi ghlaonna 2014-2015, tugadh cistiú do thriúr a bhfuil Deontas Tosaithe acu ó SFI agus do cheathrar a bhfuil Deontas Daingnitheora acu ó SFI, agus bronnadh ceithre dheontas um Chruthúnas Coincheapa, dar luach €13.1 milliún san iomlán.

Tá 58 duine a bhfuil deontais ERC acu i mbun oibre in Éirinn anois (20 bean agus 38 fear) agus tá cistiú iomlán AE acu ar fiú tuairim is €97 milliún é. Is iad na trí institiúid óstála atá ar bharr an liosta ná Coláiste na Tríonóide, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Spreagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann daoine chun cur isteach ar dheontais ERC agus cuidíonn sí leo trína cuid clár um Dheontais Forbartha agus Tacaíochta ERC, agus coinneoidh sí leis an mbéim atá á leagan aici ar na deontais sin.

In 2015, chuir Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an mbaint a bheidh aici le glaonna ERA-Net amach anseo toisc go bhfuil siad ríthábhachtach i dtaobh rannpháirtíocht Éireannach a thionscnamh agus a chothú sna comhpháirtíochtaí tras-Eorpacha is fearr a n-éiríonn leo.

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta do thacú le dámhachtainí a fháil faoi Fhís 2020 trí thionscnaimh éagsúla lena n-áirítear tacú le tairiscintí iomaíocha a dhéanfaidh taighdeoirí Éireannacha i measc an lucht tionsclaíochta agus an lucht acadúil chun tionscadaí mhóra a chomhordú.

Bhí Clár Taighdeoirí SFI in 2015 ag teacht le réimsí a chlúdaítear freisin faoi Fhís 2020, ag obair i gcomhar le dreamanna eile a dhéanann cistiú ar an taighde in Éirinn, agus tá na tograí sin á n-athbhreithniú faoi láthair.

Cheadaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann 62 Dámhachtain Tionscanta faoi Fhís 2020 in 2015, atá beartaithe chun tacú le gníomhaíochtaí lena bhféachtar le cuibhreannais agus foirne AE a bhunú chun iarratais a dhéanamh faoi Fhís 2020 amach anseo.

Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

Tá 12 Lárionad Taighde SFI ar mhórcála agus ar ardchaighdeán feabhais curtha ar bun le hinfheistíocht €355 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus tá €190 milliún eile geallta ag comhpháirtithe tionsclaíochta thar na sé bliana atá romhainn. Seoladh cuid mhór díobh sin go hoifigiúil in 2015. Tugadh tacaíocht bhreise do na Lárionaid Taighde atá ag SFI cheana trí mheán cistiú breise do naoi mhórtionscadal faoi Chlár Spokes SFI, dar luach €23 milliún san iomlán.

Tá glao eile i dtaca le Lárionaid Taighde SFI beartaithe in 2016, agus ba chóir go bhfágfadh sé sin go mbeidh 15-20 Lárionad Taighde againn, mar a bhí beartaithe, rud a chuirfidh ar ár gcumas dúinn tacaíocht iomlán a thabhairt do réimsí tosaíochta an rialtais.

In 2015, cuireadh síneadh leis an gcomhaontú Comhpháirtíochta T&F atá againn leis an bhForas Náisiúnta Eolaíochta (NSF) sna Stáit Aontaithe agus le húdarais i dTuaisceart Éireann. Éascóidh sé sin do bhabhtaí comhoibríthe idir Lárionaid Taighde sna trí dhlíne – is iad sin an 12 Lárionad Taighde de chuid SFI, Lárionaid Taighde Innealtóireachta NSF agus Lárionaid Taighde i dTuaisceart Éireann.

Faoi chomhaontuithe le gníomhaireachtaí cistithe sa Ríocht Aontaithe, an Cumann Ríoga agus an Wellcome Trust, bhí deiseanna comhchistithe le tapú in 2015, agus faoi chomhpháirtíocht nua leis an BBSRC foilseofar an chéad ghlaon ar thograí i mí Eanáir 2016. Tá comhpháirtíocht leis an EPSRC faoi chaibidil. Ina theannta sin, shínigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann comhaontuithe le gníomhaireachtaí cistithe ón mBrasaíl chun neartú a dhéanamh ar bhabhtaí comhoibríthe amach anseo idir taighdeoirí sa Bhrasaíl agus in Éirinn. Tá comhpháirtíochtaí den chineál céanna sa tSín agus sa tSeapáin á bplé.

Feasacht Eolaíochta, Rannpháirtíocht inti agus For-rochtain uirthi

Chun treoir agus bonn eolais a thabhairt dár n-iarrachtaí feasachta, rannpháirtíochta agus for-rochtana poiblí i leith na heolaíochta, agus chun an dul chun cinn atá a dhéanamh againn a thomhas ar deireadh thiar, choimisiúnaíomar agus rinneamar roinnt píosaí taighde.

Sa Bharaiméadar um Eolaíocht in Éirinn 2015 a d'ullmhaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann, léirítear go raibh dearcadh dearfach ag an bpobal i leith STEM agus i leith na hinfheistíochta san eolaíocht. Aithníodh roinnt réimsí ann freisin nach mór dúinn aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear an áit a gcuirtear ár ngníomhaíochtaí ar bun, meon na gcailíní i leith na heolaíochta agus, ar bhonn níos ginearálta, an toisc 'a bheith leis an dream mór' ar chúrsaí áirithe.

Thosaíomar ag glacadh gníomhartha i dtaobh na dtorthaí sin in 2015 trí shainiú as an nua a dhéanamh ar roinnt gnéithe dár nglao faoin gClár Fionnachtana. D'fhonn an eolaíocht a thabhairt isteach i ngach teach in Éirinn, d'fhógraíomar tionscnamh de chuid RTÉ/Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus craolfar an chéad chlár sa tsraith sin in 2016.

Tugadh aghaidh in 2015 ar gach gné de thionscnamh na Todhchaí Cliste, ár gclár eiseamláir tionsclaíochta atá á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le hInnealtóirí Éireann. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhalta boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an tUasal Barry O'Sullivan, Príomhfheidhmeannach Altcloud agus breitheamh ar Dragons Den, as an tacaíocht iontach a thugann sé don chlár sin agus as an iarracht leanúnach a dhéanann sé príomhfheidhmeannaigh eile ón lucht tionsclaíochta a spreagadh lena bheith páirteach ann.

D'eagraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ceiliúradh ar Eolaíocht na hÉireann, ar ar fhreastail an Taoiseach Enda Kenny agus an tUasal Damien English, TD, an tAire Taighde agus Nuálaíochta, i dTithe an Rialtais chun aird a dhíriú ar éachtaí na hÉireann sa taighde agus sa nuálaíocht. Tháinig Seachtain na hEolaíochta sna sála air sin, ócáid ar éirigh go geal léi. Ghlac thart ar 250,000 duine páirt in imeachtaí ar fud na tíre, a d'eagraigh ár gcomhpháirtithe de chuid Sheachtain na hEolaíochta.

2016

Beidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag cur lena bhfuil bainte amach in 2015 trí raon leathnaithe gníomhartha chun tacú le taighde eolaíochta den scoth lena bhféadfaí tionchar a imirt ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Tar éis di tairbhe a bhaint as a bheith i gcomhairle leis an bpobal taighde, lucht tionsclaíochta agus páirtithe leasmhara eile ar feadh R3/R4 2015, agus as foilsiú na straitéise eolaíochta náisiúnta – Nuálaíocht 2020 – i mí na Nollag 2015, beidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag leathnú a chuid clár reatha agus ag forbairt roinnt clár agus tionscnamh nua le linn 2016.

Clár cistithe PhD

Tá laghdú tagtha ar líon na gcéimithe PhD i dtaighde STEM, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le heaspa scileanna sna blianta amach romhainn. Forbróidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann clár PhD nua chun feabhas a chur ar líon agus caighdeán mac léinn PhD in Éirinn in 2016.

Cistiú ar bhonn dúshláin

Tá éileamh níos mó agus níos mó anois ar shásraí cistithe iomaíocha atá dírithe ar bhorradh a chur faoi bhabhtaí comhoibrithe arna spreagadh ag réitigh agus rannpháirtíocht leis an bpobal taighde, an pobal sibhialta agus lucht fiontair. Tar éis a bheith i gcomhairle cheana féin le roinnt páirtithe leasmhara in 2015, chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhairle go forleathan ar dhúshláin fhéideartha áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, le linn 2016, agus é ina aidhm aici clár cistithe ar bhonn dúshláin a sheoladh in 2017.

Rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos leithne

Leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag comhoibriú le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta áirithe um chistiú taighde agus/nó ranna rialtais in 2016 agus é ina aidhm aici a chinntiú go bhfuil an raon is fearr comhpháirtíochtaí comhchistithe a mbaineann ábharthacht straitéiseach leo ag taighdeoirí Éireannacha. Tá sé ina bheartas ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann iniúchadh a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá bunaithe ar shamhail phríomhghníomhaireachta mar a bhí i gceist i gcomhpháirtíochtaí roimhe seo, faoina ndéanaimid athbhreithniú ar thograí faoi chlár atá ann cheana (DEL NI, mar shampla) nó faoina ndéanann an ghníomhaireacht comhpháirtíochta an t-athbhreithniú mar chuid dá clár nó dá sraith clár (An Cumann Ríoga, Wellcome Trust, BBSRC, NSF, NIH, mar shampla).

#ScienceRising – nasc á chruthú leis an eolaíocht agus an nuálaíocht, agus mórtas astu

Tá straitéis nua chumarsáide bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun ceangal a dhéanamh idir muintir na hÉireann, lucht acadúil agus lucht tionsclaíochta, sa bhaile agus thar lear, agus an eolaíocht agus an nuálaíocht in Éirinn. Trí #ScienceRising, táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na Lárionaid Taighde de chuid SFI agus le tionscadail atá cistithe ag SFI chun nuacht, imeachtaí, dámhachtainí agus forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar le linn 2016, agus muid ag obair i dtreo buaicphointe mór ag an 21ú Seachtain Eolaíochta dár gcuid i mí na Samhna, áit a mbeidh eolaithe agus éachtaí eolaíochta na hÉireann á gceiliúradh againn.

Gabhaim buíochas leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuilimid faoina coimirce, agus leis an Aire Bruton agus an Aire English as a dtacaíocht, le foireann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, le Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, lenár lucht tacaíochta agus ár bpáirtithe leasmhara sa saol acadúil, in earnáil na tionsclaíochta agus i ngníomhaireachtaí cistithe sa tír seo agus thar lear.

Táim ag súil leis, mar a bhím i gcónaí, go mbeidh bliain ghnóthach, eachtrúil agus thar a bheith dearfach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2016.



An tOllamh Mark WJ Ferguson

Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

2015

Súil Siar ar an mBliain

Eanáir

- > Athnuachan déanta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Bord Taighde Sláinte agus an Wellcome Trust ar an gComhpháirtíocht Taighde Bithleighis.
- > Ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann páirt i gComórtas agus Taispeántas BT an Eolaí Óig.
- > D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú dar luach €1.6 milliún chun tacú le 39 tionscadal oideachais agus rannpháirtíocht phoiblí in Éirinn i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM).
- > D'fhoilsigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann a Plean Bliantúil 2016.



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an Dr Graham Love, Príomhfheidhmeannach an Bhoird Taighde Sláinte agus an Dr Jeremy Farrar, Stiúrthóir an Wellcome Trust.

Feabhra

- > Shínigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann comhaontuithe le gníomhaireachtaí cistithe ón mBrasaíl chun neartú a dhéanamh ar bhabhtáí comhoibrithe amach anseo idir taighdeoirí sa Bhrasaíl agus taighdeoirí in Éirinn ag searmanas speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath..
- > D'ainmnigh Google Clare McInerney ó Lero – Ionad Taighde na hÉireann um Bogearraí, mar dhuine de bhuaiteoirí domhanda na nGradam RISE 2015.



Sergio Luiz Gargioni, Uachtarán Confab, Damien English TD, an tAire Stáit do Thaighde agus Nuálaíocht; an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann agus Alan Harvey, Leas-Uachtarán um Thaighde agus Nuálaíocht, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Márta

- > Ag ócáid a d'eagraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann in Washington, bhronn an Taoiseach Enda Kenny T.D. Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh Katherine Fitzgerald, Ollamh le Leigheas sa Scoil Leighis, Ollscoil Massachusetts, agus bhronn sé Teastas um Oidhreacht Éireannach ar an Dr France A. Cordóva, Stiúrthóir an Fhorais Náisiúnta Eolaíochta.
- > Fógraíodh comhaontas taighde nua idir Janssen Biotech Inc, (Janssen), UCC agus APC. Beidh an chomhpháirtíocht ag déanamh iniúchadh ar ról na víreas maidir le múnú micribithóim sa duine agus a n-úsáid féideartha mar chóir leighis nua agus/nó mar bhithmharcóirí i leith galar putóige athlastach.
- > Fógraíodh comhpháirtíocht nua faoina dtugtar le chéile eolaithe agus innealtóirí T&F Stryker ón gceanncheathrú dhomhanda in Kalamazoo, Michigan (SAM) le saineolaithe deartha agus forbartha T&F i gCorcaigh chun a bheith ag comhoibriú le taighdeoirí ón Lárionad na hÉireann um Chomhtháthú Fótónaice (IPIC) ag Institiúid Náisiúnta Tyndall.



An tOllamh Katherine Fitzgerald, Ollamh le Leigheas ag an Scoil Leighis in Ollscoil Massachusetts, agus bonn gradamach á bronnadh uirthi ag an Taoiseach Enda Kenny, TD.

Aibreán

- Is é an tOllamh Brian Caulfield, ó Lárionad Taighde Insight SFI agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), áit a mbíonn sé i mbun taighde ar shláinte nasctha, a bhuaigh an *Google Wearables in Healthcare Pilot Challenge 2015*.
- D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann os cionn €30 milliún de chistiú taighde do 23 mhórtionscadal taighde trí Chlár Taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- Chuaigh Second Genome Inc, cuideachta atá lonnaithe in San Francisco agus atá amuigh chun tosaigh i bhforbairt cógas nua trí mheán eolaíocht nuálach mhicribithóim, i mbun oibre le APC in UCC chun teiripí a fhorbairt a stopann galar putóige athlastach agus a chuireann cóireáil ina choinne.
- Is í Scoil Mhuire Gan Smál ón mBlarna, Co. Chorcaí a rug léi an chéad duais sa bhabhta ceannais náisiúnta de ESERO Éireann – comórtas CEIA CanSat 2015.
- Rinne an tOllamh Mark Ferguson cur i láthair ag cruinniú leis na Coimisinéirí AE Moedas agus Hogan in UCD.
- Prof Mark Ferguson presented at EVOLVE Biomed in the RDS Dublin.



An tOllamh John Doherty, UCD; an tOllamh Martin Steinhoff, UCD; an tUasal Damien English T.D., an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta; an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíocht do Rialtas na hÉireann; agus an tOllamh Torres Sweeney, UCD.

Bealtaine

- Bhunaigh an chuideachta Fotonation, atá lonnaithe i nGaillimh agus a bhíonn ag gabháil don ríomh-íomháú, agus taighdeoirí in OÉ Gaillimh comhoibriú nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicniúla a bhaineann le cáilíocht íomháithe níos fearr a fhorbairt do cheamaraí ar fhóin chliste.
- Bhronn Aire Thuaisceart Éireann um Fostaíocht agus Foghlaim, an Dr Stephen Farry, cistiú taighde dar luach £3.5 milliún ar sheacht dtionscadal taighde a bhfuil Ollscoil na Banríona, Béal Feirste páirteach iontu. Tacóidh an cistiú le tionscadail ar éirigh leo faoi Chlár Taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann tríd Chomhpháirtíocht Chlár Taighdeoirí SFI-DEL.
- Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mbun comhpháirtíochta leis an RDS agus DCU ar thionscnamh forbartha gairmiúla leanúnaí STEM a chosnóidh €440,000 agus atá dírithe ar mhúinteoirí bunskoile.



An Dr Darrin Morrissey, Stiúrthóir na gClár le Fondúireacht Eolaíochta Éireann; an Dr Stephen Farry, an tAire Fostaíochta agus Foghlama; an tOllamh James McElroy, Leas-Leas-Seansailéir um Thaighde agus larchéimithe QUB agus an tOllamh John Dalton ó cheann de na tionscadail a fuair cistiú – Feidhmiú Teicneolaíochta Nua agus Teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun Vacsaíní a fhorbairt i gcoinne lonfhabhtú Leith Uisce.

Meitheamh

- D'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus RTE comhpháirtíocht nua chun tacú le craolachán STEM agus cur leis.
- D'óstáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Comhairle Taighde na hÉireann (IRC) fáiltiú in Acadamh Ríoga na hÉireann chun a cheiliúradh gur éirigh go geal le taighdeoirí na hÉireann sna glaonna is déanaí do na scéimeanna cistithe móra le rá de chuid Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC).
- Fuair 549 scoil ar fud na tíre an Gradam Fionnachtana um Eolaíocht Bhunscoile i gcomhair na Matamaitice agus na hEolaíochta.
- Chuir an tUachtarán Ó hUiginn fáilte roimh an Dr Elaine Dunleavy, OÉ Gaillimh, a ghnóthaigh Dámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann, ag Áras an Uachtaráin.



An tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíocht agus Niamh Lyons, Stiúrthóir Eatramhach, Cumarsáid, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, agus iad ag bronnadh Gradam Fionnachtana um Eolaíocht Bhunscoile i gcomhair na Matamaitice agus na hEolaíochta ar Scoil Náisiúnta Bhaile an Lochá.

Iúil

- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- D'oscail an Taoiseach Foirgneamh Beaufort agus SeaFest 2015.



Ann Riordan, Cathaoirleach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an tUasal Damien English T.D., an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta; agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.

Lúnasa

- > Lárionad Taighde APC SFI, Institiúid Micribithóim, seolta go hoifigiúil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- > Foilsíodh páipéar ceannródaíoch sa taighde ar an maighnéadas leis an Ollamh Michael Coey ag Lárionad Taighde AMBER SFI (an Lárionad Taighde Ardábhar agus Bithinnealtóireachta atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus taighdeoirí ón Ísiltír, Singeapór agus na Stáit Aontaithe san iris iomráiteach *Science*.



An tOllamh Fergus Shanahan agus an Dr Sally Cudmore, Institiúid Micribithóim APC.

Meán Fómhair

- > Sheol Lárionad Taighde INFANT SFI (Lárionad na hÉireann um Thaighde Aistritheach ar Fhéatais agus Nua-naíonna) i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, Bioscreen Health, Laya Healthcare agus IBM an tionscadal 'LEANBH' in Ospidéal Máithreachais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun cianmhonatóireacht cúraim sláinte a chur ar fáil do mhná torracha d'fhonn feabhas a chur ar bhrath agus ar chóireáil an hipirtheannais agus réamheaclamsia le linn toirchis.
- > Na chéad trí dhámhachtain fógartha ag an gCumann Ríoga faoin Chomhaltacht Taighde Ollscoile nua atá bunaithe ag an gCumann Ríoga agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.
- > D'fhógair Comhairle Taighde Biteicneolaíochta agus Eolaíochtaí Bitheacha na Ríochta Aontaithe (BBSRC) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann deiseanna comhchistithe chun tacú le taighde agus forbairt teicneolaíochta i réimsí cosúil le heolaíocht bhitheach maidir le sláinte, talmhaíocht, slándáil bia, biteicneolaíocht thionsclaíoch agus bithfhuinneamh.
- > Den chéad uair riamh, d'óstáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann ócáid for-rochtana ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.
- > Thug an tUasal Modim, Príomh-Aire na hIndia, cuairt ar Éirinn agus bhuail sé leis an Taoiseach Enda Kenny TD agus leis an Ollamh Mark Ferguson



Foireann Chumarsáide, Oideachais agus Rannpháirtíochta Poiblí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

Deireadh Fómhair

- > D'fhógair RTÉ2 agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann comhpháirtíocht chun tacú le Insiders, sraith eolaíochta nua 10 gclár do leanaí idir 7-12.
- > D'fhógair taighdeoirí in AMBER, Lárionad Taighde SFI le haghaidh eolaíocht na n-ábhar atá lonnaithe i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, go bhfuil siad ar na chéad taighdeoirí ar domhan a thomhais neart tuirse chordae tendineae – teannáin ar nós cordaí atá sa chroí.
- > Is í Lisa Helen, Taighdeoir PhD ó Institiúid Náisiúnta Tyndall i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, a bhuaigh an chéad duais i gcomórtas Dhámhachtain Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht (TIDA), a bhí ar siúl mar chuid den Tóstal Tionscanta i mBaile Átha Cliath.
- > Reáchtáil Fondúireacht Eolaíochta Éireann a céad Fhóram Bunaitheoirí mar chuid den Tóstal Tionscanta.



Bunaitheoirí Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus iad sa phictiúr leis an Ollamh Mark Ferguson, Ard-Stiúthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, Gerald Nash T.D., an tAire Gnó agus Fostaíochta, agus Eoin Killian Costello, Comhbhunaitheoir agus Príomh-Fheidhmeannach Startup Ireland.

Samhain

- > D'infheistigh Cumann Ailse na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann €2.2 milliún i líonra taighde chliniciúil nua le haghaidh ailse fola – Líonra Ailse Fola Éireann.
- > Bhí os cionn 800 imeacht ar siúl ar fud na tíre chun a cheiliúradh go raibh Seachtain na hEolaíochta 20 bliain d'aois – lena n-áirítear an chéad Cheiliúradh ar an Eolaíocht in Éirinn a d'óstáil an Taoiseach i dTithe an Rialtais.
- > Bunaíodh an Clár Comhpháirtíochta um Chomhtháthú Córas Fuinnimh le €5.5 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, mar aon le €5.5 milliún ó chúig chomhpháirtí tionsclaíochta – AIB, EirGrid, Ervia, Glen Dimplex, BSL agus ranníocaíocht dhaonchairdiúil ón Uasal David O'Reilly, iar-Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Chevron Corporation, atá ina Chathaoirleach ar Bhord na hInstitiúide Fuinnimh in UCD faoi láthair.
- > Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mbun comhpháirtíochta leis an bpríomhchuideachta bhithchógaisíochta idirnáisiúnta AbbVie chun tabhairt faoi dhá bhabhta comhoibríthe nua sa taighde teiripeach in Éirinn le taighdeoirí ag Lárionad Taighde APC SFI i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, agus taighdeoirí ó Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
- > Rinneadh seoladh oifigiúil ar Lárionad SPI um Thaighde Bogearraí in Éirinn (Lero) tar éis leathnú a bheith déanta air, in Ollscoil Luimnigh, le hinfeistiú €46.4 milliún thar sé bliana.
- > Bhí an Chéad Díospóireacht de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Beartas Díshriantach – faoi thomhais an tionchair a bhíonn ag taighde a fhaigheann cistiú poiblí – ar siúl i mBaile Átha Cliath.



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tUasal Richard Bruton, T.D., an tAire Post, Fiontar agus Fostaíochta agus an Dr Jim Sullivan, Leas-Uachtarán, Pharmaceutical Discovery, AbbVie.

Nollaig

- > Seoladh oifigiúil Lárionad Taighde nua SFI um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha (iCRAG). Diríonn iCRAG ar fhionnachtain amhábhbar, uisce agus acmhainní fuinnimh atá ríthábhachtach dár ngeilleagar, fáil réidh leis na rioscaí ina leith agus iad a fhoinsíú.
- > D'fhoilsigh an Rialtas a straitéis nua eolaíochta agus nuálaíochta - *Nuálaíocht 2020*.
- > Ghlac Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann páirt sa Taispeántas Nuálaíochta náisiúnta ar ar fhreastail os cionn 2,000 duine, idir fhiontraithe, lucht tionsclaíochta agus taighdeoirí, san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.
- > Bhí SciCom, comhdháil nua cumarsáide eolaíochta uile-oileáin, ar siúl i mBaile Átha Luain.



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, Damien English TD, agus Stiúrthóir iCRAG, an tOllamh John Walsh.

Forbhreathnú

Mar atá leagtha amach inár bplean straitéiseach, *Clár Oibre 2020*, tá sé ina aidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann geilleagar agus sochaí na hÉireann a chur chun cinn trí thacú le taighde eolaíochta agus innealtóireachta den scoth agus feacht a mhúscailt ar ról agus tionchar na heolaíochta agus na deiseanna a bheidh le tapú ag cách de bharr na heolaíochta.

Le linn 2015, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn mór i gcur chun feidhme a straitéise.

Eolaíocht den Scoth

Le roinnt blianta anuas, de bharr infheistíochta ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tá seasamh na hÉireann fós láidir sa rangú idirnáisiúnta ar chumas sa taighde eolaíoch. Tá Éire sa 20 tír is fearr sa rangú domhanda maidir le cáilíocht fhoriomlán an taighde eolaíoch (ó 2009), ag bogadh suas go dtí an 16ú háit in 2014 agus an 14ú háit in 2015, bunaithe ar shonraí InCites de chuid Thomson-Reuters. Tá caighdeán barr feabhais ag Éirinn sna réimsí sonracha seo a leanas:

An **2ú** háit sa Cheimic

An **2ú** háit sa Nanaitheicneolaíocht

An **2ú** háit san Imdhíoneolaíocht

An **3ú** háit in Eolaíocht Ainmhithe agus Déiríochta

An **3ú** háit sna hEolaíochtaí Talmhaíochta

An **4ú** háit in Eolaíocht na nÁbhar

An **4ú** háit sa Mhatamaitic

Rangú Tíortha (Thomson Reuters)

Liostaithe de réir líon na Luanna in aghaidh an Pháipéir

1	An Eilvéis
2	Albain
3	An Ísiltír
4	An Danmhairg
5	Stáit Aontaithe Mheiriceá
6	Sasana
7	An tSualainn
8	An Bheilg
9	An Bhreatain Bheag
10	An Ghearmáin
11	Ceanada
12	An Ostair
13	An Fhionlainn
14	ÉIRE
15	An Iorua
16	An Fhrainc
17	Iosrael
18	Singeapór
19	Tuaisceart Éireann
20	An Iodáil

2 ÁIT
NÍOS
AIRDE IN
2015

Foinse: Essential Science IndicatorsSM ó Thomson Reuters

Tá taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag déanamh cion mór maidir leis an éacht sin a bhaint amach i dtaobh an rangú. Thuairiscigh taighdeoirí 4,406 foilseachán san iomlán in 2015. Astu sin, cuireadh 2,302 foilseachán i leith dámhachtainí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. I gcás 44% de na foilseacháin ó dhámhachtainí gníomhacha, tá comh-údar neamh-Éireannach acu, agus tá 9% díobh a bhfuil comh-údar ón lucht tionsclaíochta acu.

CÁS-
STAIDÉAR

#1



(Clé go Deis) An tOllamh Louise Kenny agus an tOllamh Geraldine Boylan.

Gradam Thaighdeoir SFI na Bliana 2015 – tá obair cheannródaíoch á déanamh ag an Ollamh Kenny agus an Ollamh Boylan sa taighde imbhreithe

I mbliana, bronnadh Gradam Thaighdeoir na Bliana de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Ollamh Louise Kenny agus an Ollamh Geraldine Boylan, beirt eolaithe den scoth ó Lárionad Taighde INFANT SFI in UCC. Is painéal seachtach moltóirí neamhspleácha a chinneann cé a gheobhaidh an gradam, agus is aitheantas é ar an tionchar eolaíochta den scoth a d'imir a dtaighde agus ar an gcion ar leith atá déanta acu i réimse na heolaíochta agus na nuálaíochta. Threoraigh comhstiúirí INFANT, Lárionad na hÉireann um Thaighde Aistritheach ar Fhéatais agus Nua-naíonna, fionnachtana ceannródaíochta agus forbairt teicneolaíochtaí nua i dtaobh taighde toirchis, monatóireacht fhiseolaíoch roimh bhreithe, fadhbanna néareolaíochta i measc naíonán, agus cothú naíonán agus máithreacha, i measc eile.

Faoin dámhachtain ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, d'fhorbair an tOllamh Louise Kenny tástáil dhiagnóiseach chun réamheaclaímsia a bhrath go luath. Tíocfaidh feabhas nach beag ar shláinte máithreacha agus leanaí de bharr na fionnachtana sin. Forbraíodh maoin intleachtúil agus rinneadh í a cheadúnú chuig mac-chuideachta de chuid UCC, Metabolomics Diagnostics. Thacaigh Louise Kenny le pitseanna infheistíochta a rinne an chuideachta, ónar eascair an infheistíocht €750,000 a fuair an chuideachta le déanaí ó SOS Ventures, Ciste Síldaipitil AIB agus Scéim Fhiontraíocht Éireann do Chuideachtaí Nua-Thionscanta Ard-Acmhainne.

Tá Geraldine Boylan ina heolaí, ina hOllamh le Fiseolaíocht Nua-Naíonna agus ina saineolaí domhanda i bhfeidhmiú na hinchinne sa leanbh nuabheirthe. Is de bharr a cuid oibre ceannródaíche sa réimse sin a forbraíodh an chéad fheiste leighis riamh chun taomanna i naíonáin nuabheirthe a uathbhrath. Tá sí i gceannas faoi láthair ar thriail chliniciúil idirnáisiúnta ar an bhfeiste sin, atá á chistiú ag Dámhachtain um Thaighde Aistritheach Straitéiseach ón Wellcome Trust.

Tallann a Fhorbairt agus Tacú le Tallann

Tá an caipiteal daonna ar cheann de na tionchair is suntasaí a imríonn an taighde eolaíoch a fhaigheann cistiú poiblí. Tá soláthar saineolais oilte eolaíoch (céimithe PhD) ina aschur ríthábhachtach a thagann ó dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Eascraíonn céimithe ceathrú leibhéal as infheistíochtaí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus meastar go n-aistreoidh a bhformhór chuig poist le cuideachtaí ardteicneolaíochta agus, i gcás líon níos lú díobh, chuig poist sa tseirbhís phoiblí. Fanfaidh mionlach suntasach ag obair san earnáil acadúil.

Faoi thionscnaimh de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar nós an Chláir um Lárionad Taighde SFI agus an Chláir Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha, bítear ag comhoibriú leis an lucht tionsclaíochta agus mar sin cuirtear le líon na dtaighdeoirí a mbeidh blianta a staidéir PhD nó a gcomhaltachtaí iardhoctúireachta caite acu agus iad i dteagmháil dhíreach leis an lucht tionsclaíochta. Trí mheán chláir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, amhail na Dámhachtainí um Fhorbairt na Nuálaíochta sa Teicneolaíocht, ina gcuimsítear cúrsa sa tráchtálaíocht, agus an Chomhaltacht Tionsclaíochta, faoina ndéantar cistiú ar shocrúcháin bliana in earnáil na tionsclaíochta, cuirtear leis an bhfionn atá ar lucht tionsclaíochta taighdeoirí ó na cláir sin a fhostú.

I rith 2015, thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann tacaíocht dhíreach do thart ar 4,040 duine in earnáil taighde na hÉireann, 529 duine a raibh dámhachtain bronnta orthu agus 1,355 mac léinn iarchéime ina measc. Is Éireannaigh iad breis is leath de bhail na bhfoirne taighde, is de bhunadh na hEorpa iad 26% (níl Éire san áireamh) agus is as tíortha lasmuigh den Eoraip iad 19% díobh. Is mic léinn ó thar lear iad 50% de na mic léinn PhD.

D'fhág breis is 560 comhalta foirne na grúpaí taighde in 2015; d'fhan 60% díobh siúd in Éirinn, bhog 23% acu chun na hEorpa agus bhog 14% acu chuig tíortha lasmuigh den Eoraip. Bhí líon na ndaoine a bhog chuig earnáil na tionsclaíochta in Éirinn seasta ag 24%.

Táblaí um Chomhdhéanamh na bhFoirme Taighde

Tá 3,763 duine ag obair ar thionscadail taighde a bhfuil Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag tacú leo, lena n-áirítear:

Sealbhóirí
Dámhachtana

529


Taighdeoirí
Iardhoctúireachta

915

Mic Léinn
Iarchéime

1,355

Babhtáí Comhoibrithe le Lucht Tionsclaíochta de réir Contae



Comhoibriú leis an lucht tionsclaíochta

Tá an comhoibriú leis an lucht tionsclaíochta ar cheann de na príomhbhealaí le haghaidh sochair na hinfeistíochta poiblí sa taighde a aistriú ina bhforbairt gheilleagrach inbhuanaithe, trína gcruthaítear buntáiste iomaíoch d'Éirinn. Leagtar an-bhéim i gcláir agus tionscnaimh Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhabhtáí comhoibrithe a chruthú agus a spreagadh idir taighdeoirí agus lucht tionsclaíochta sa bhaile agus thar lear.

In 2015, faoi dhámhachtainí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tugadh tacaíocht dhíreach do bhreis is 1,200 babhta comhoibrithe leis an lucht tionsclaíochta, 712 acu le corparáidí ilnáisiúnta agus 508 acu le fiontair bheaga agus mheánmhéide. I gcás níos mó ná leath de na babhtáí comhoibrithe sin le lucht tionsclaíochta, tá comhaontú dlíthiúil i bhfeidhm. Is in Éirinn atá 54% de na comhpháirtithe, tá 15% díobh sna Stáit Aontaithe, tá 9% sa Ríocht Aontaithe agus tá an 22% eile scaipthe ar fud tíortha eile.

Comhoibriú

1,220

Babhta Comhoibrithe
leis an lucht
tionsclaíochta

ina bhfuil:

372 cuideachta
ilnáisiúnta

437 FBM

Is iad seo a leanas an dá phríomhchúis a luaigh taighdeoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann leis na babhtáí comhoibrithe sin:

- (1) foghlaim faoi smaointe agus roghanna le haghaidh treonna nua a d'fhéadfaí a ghlacadh ó thaobh T&F sa todhchaí (36%) agus/nó tástáil a dhéanamh ar acmhainn na smaointe agus na roghanna sin; agus
- (2) cur leis na hacmhainní T&F atá ar fáil don eagraíocht ar shlí atá solúbtha agus éifeachtach ó thaobh costais (27%).

Tráchtálaíochtaí Taighde

I measc na n-aschur réamhthráchtála in 2015 a raibh taighdeoirí a fuair cistiú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann páirteach iontu bhí:

5 mhac-chuideachta

34 teicneolaíocht cheadúnais

73 paitinn comhdaithe

47 paitinn deonaithe

5 chaighdeán ullmhaithe

144 nochtadh aireagáin

5 thasc

CÁS-
STAIÉAR

#2



An tOllamh Paul Moynagh.

Nochtadh ról na bpróitéiní Pellino in imdhíonacht dhúchasach agus oiriúnaitheach – spriocanna drugaí nua a bhfuil gealladh fúthu i gcomhair IBD

Faoi stiúir an Ollaimh Paul Moynagh, tá taighdeoirí san Institiúid Imdhíoneolaíochta ag OÉ Má Nuad ag aithint próitéiní nua inár gcorp a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le galair athlastacha a rialú.


Le tamall de bhlianta anuas tá an tOllamh Moynagh agus a fhoireann ag léiriú an tábhacht a bhaineann le próitéin ar leith darb ainm Pellino 3. Trí scrúdú a dhéanamh ar shamplaí cliniúla ó othair, fuair an fhoireann amach go bhfuil na leibhéil Pellino 3 laghdaithe go mór i gcás galair athlastacha cosúil le Galar Crohn agus i gcás otrachta. Tugann na torthaí sin le fios go bhfuil ról cosantach ag Pellino 3 sna cásanna sin agus léirítear deis i dtaobh teiripe sa todhcháí. Tá dul chun cinn ollmhór déanta dá bharr sin i dtaobh na tuisceana tá againt ar ghalair atá doleigheasta faoi láthair cosúil le galar Crohn agus galair otrachta.

Tá an tOllamh Moynagh ag obair faoi láthair leis na forbróirí seachadta drugaí, Sigmoid Pharma, chun a chuid taighde a chur i bhfeidhm trí dhruaí nua a fhorbairt i gcoinne na ngalar sin.

Ag Tógáil Comhpháirtíochtaí

D'éirigh thar barr le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i dtaobh comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil in 2015. Bíonn dhá mhórchineál comhpháirtíochtaí ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann: na comhpháirtíochtaí ina gcuireann cuideachtaí agus grúpaí acadúla togra comhpháirteach isteach chuig Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag iarraidh cistiú a fháil (an Clár Comhpháirtíochta Straitéisí), agus an Clár Comhpháirtíochta lomaíche, faoina gcuireann cuideachta, i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, glao amach chuig an bpobal eolaíochta chun dul i ngleic le fadhbanna sonracha. I measc na bpríomh-éachtaí in 2015 áiríodh:

- > Chuir Pfizer agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann amach glao faoin gClár Comhpháirtíochta lomaíche in 2015 agus cheadaigh siad trí dhámhachtain thar roinnt réimsí galair.
- > Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mbun comhpháirtíochta le Cumann Ailse na hÉireann chun tacú le bunú líonra taighde chliniciúil náisiúnta nua, ar a dtugtar Líonra Ailse Fola Ireland, líonra fíorúil taighde chliniciúil a chuirfidh trialacha luathchéime cliniúla ar fáil d'othair a bhfuil ailse fola orthu in Éirinn. Foin tionscnamh comhoibríoch spreagúil nua sin um thaighde ailse, beidh an deis ag othair a bhfuil ailse fola orthu in Éirinn a bheith i measc na gcéad daoine ar domhan a thriailfidh drugaí agus cóireálacha a d'fhéadfadh a saol a athrú.
- > Cheadaíodh ceithre dhámhachtain Comhpháirtíochta Straitéisí:
 - Dhámh Fondúireacht Eolaíochta Éireann €5.5 milliún ar an gClár Comhpháirtíochta um Chomhtháthú Córas Fuinnimh (ESIPP) faoi stiúir an Ollaimh Mark O'Malley (UCD), agus fuair an clár sin €5.5 milliún eile ó chúig chomhpháirtí tionsclaíochta – AIB, EirGrid, Ervia, Glen Dimplex, BSL agus ranníocaíocht dhaonchaídiúil ón Uasal David O'Reilly, a bhíodh ina Chathaoirleach agus ina Phríomhfeidhmeannach ar Chevron Corporation, agus atá ina Chathaoirleach ar Bhord na hInstitiúide Fuinnimh in UCD faoi láthair. Beidh an cuibhreas ag obair le 17 gcomhoibrí ón lucht tionsclaíochta.
 - Dhámh Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú ar an Ollamh Shane O'Mara (TCD) chun dul i mbun comhoibríochta le Alkermes.
 - Dhámh Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Abbvie cistiú ar an Ollamh Kingston Mills (TCD) chun a bheith ag obair ar bhithmharcóirí agus spriocanna drugaí do ghalair imdhíonachta agus galair eile a fheidhmíonn trí mheán imdhíonachta.
 - Dámhadh cistiú ar an Ollamh Orla Hardiman agus an Ollamh Daniel Bradley (TCD) i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht na Tríonóide chun scrúdú a dhéanamh ar chód géiniteach iomlán níos mó ná 1,000 Éireannach, mar aon le 21,000 sampla ó thíortha eile, chun bonn géiniteach na Scléaróise Cliathánaí Amatrófaí (ALS), galar marfach néaraimheathlúcháin, a aithint.



Ag cur le Clú Idirnáisiúnta na hÉireann

Tá an clú atá ar Éirinn mar shuíomh do thaighde den chéad scoth ag dul i méid go fóill. Bhí níos mó ná 3,558 babhta comhoibríthe acadúil ar bun in 2015; bhí 2081 comhpháirtí idirnáisiúnta in 62 tír páirteach iontu. Is é príomhchuspóir an chomhoibríthe sin ná éascú do thaighde comhpháirteach agus foilseacháin comhpháirteacha.

Babhtá Comhoibríthe Acadúil Idirnáisiúnta in 2015 de réir Tíre

An Ailgéir	1	An Chasacstáin	1
An Airgintín	1	Cuáit	1
An Astráil	53	An Laitvia	1
An Ostair	28	An Liobáin	2
An Bhealarúis	1	Lucsamburg	2
An Bheilg	29	Málta	1
An Bhrasaíl	70	Oileán Mhuiris	1
An Bhulgáir	2	An Ísiltír	56
Ceanada	43	An Nua-Shéalainn	13
An tSile	7	Tuaisceart Éireann	74
An tSín	94	An Iorua	11
An Cholóim	2	Óman	1
An Chróit	1	An Pholainn	11
An Chipir	1	An Phortaingéil	26
Poblacht na Seice	7	Pórtó Ríce	3
An Danmhairg	45	An Rómáin	1
An Éigipt	2	An Rúis	12
An Eastóin	2	An Araib Shádach	9
Fidsí	1	An tSeirbia agus Montainéagró	1
An Fhionlainn	20	Singeapór	12
An Fhrainc	110	An tSlóvaic	3
An Ghearmáin	157	An tSlóivéin	4
An Ghréig	6	An Afraic Theas	5
Sainréigiún Riaracháin Hong Cong na Síne	3	An Chóiré Theas	16
An Ungáir	4	An Spáinn	87
An Íoslainn	1	An tSualainn	52
An India	47	An Eilvéis	33
An Iaráin	2	An Téaváin	4
Iosrael	9	An Tuirc	7
An Iodáil	69	An Ríocht Aontaithe	406
An tSeapáin	24	Na Stáit Aontaithe	383
		Iomlán	2,081



Méadú 36% ar a gcistiú seachtrach a fuarthas

Cistiú ó Fhoinsí eile a Ghiaráil

Ba chóir go mbeadh foinsí éagsúla tacaíochta ag taighde a bhfuil barr feabhais eolaíochta ag baint leis agus as a n-eascaíonn tairbhí díreacha don gheilleagar agus don tsochaí. A dhála sin, éilíonn mórtionscadail taighde leibhéal cistithe nach féidir ach le hinfheisteoirí éagsúla a chomhlíonadh le chéile. Má fhaightear cistiú ó fhoinsí idirnáisiúnta cosúil leis an ERC agus má bhítear i mbun comhordú tionscadal AE, is fianaise é sin ar thaighde eolaíochta den chéad scoth.

Ghiaráil taighdeoirí a dtacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann leo €158 milliún i gcistiú seachtrach in 2015, arb ionann é agus ardú 36% i gcomparáid le 2014. Fuarthas €79 milliún ón Aontas Eorpach, trí oiread an méid a fuarthas in 2014.

Méid an Chistithe Sheachtraigh a fuair Taighdeoirí arna gcistiú ag SFI in 2015 de réir Foinse (gach dámhachtain)	
	Cistiú Iomlán a Fuarthas 2015
An tAontas Eorpach	79,394,690
Fiontar Príobháideach	38,079,193
Fiontraíocht Éireann	12,912,309
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	5,239,410
An Bord Taighde Sláinte	5,202,901
Rialtas Idirnáisiúnta Eile	3,430,484
Foinse Eile	3,291,119
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	2,951,968
Wellcome Trust	1,717,332
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	1,246,414
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	953,294
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Éireannach)	859,300
Foras na Mara	781,250
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Idirnáisiúnta)	716,523
Teagasc	530,000
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha	451,650
Foinse Eile de chuid Rialtas na hÉireann	423,075
An tÚdarás um Ard-Oideachas	176,000
An Institiúid Náisiúnta Sláinte, Stáit Aontaithe Mheiriceá	70,000
Foras Náisiúnta Eolaíochta na Stát Aontaithe	38,695
Total	158,465,608

* Sonraí ó aschuir 2015 SFI. Léirítear leis seo gealltanais a fuarthas; ní cistiú sa bhliain atá i gceist.

Ag eascairt as comhaontuithe le gníomhaireachtaí cistithe sa Ríocht Aontaithe lena n-áirítear an Cumann Ríoga, an Wellcome Trust agus an BBSRC, tá deiseanna comhchistithe le tapú ag taighdeoirí atá bunaithe in Éirinn. Cothaíonn an tacaíocht sin inniúlacht sa taighde comhlántach d'Éirinn agus do chuideachtaí Éireannacha. Dámhadh trí chomhaltacht ghradamacha luathghairme in 2015 faoin scéim Comhaltachta Taighde Ollscoile atá á reáchtáil ag SFI agus an Cumann Ríoga. Léiríonn na dámhachtainí sin ón gCumann Ríoga, a mbíonn iarrthóirí ar fud na Ríochta Aontaithe istigh orthu freisin, feabhas na dtaighdeoirí in Éirinn. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh trí dhámhachtain faoin gcomhpháirtíocht idir SFI, HRB agus an Wellcome Trust, a bhfuil síneadh cúig bliana curtha léi agus ina gcuimsítear anois dámhachtainí taighdeora, síoldámhachtainí agus dámhachtainí comhoibritheacha, agus faoi scéim lárionaid an Wellcome Trust.

Bunaíodh comhpháirtíocht nua leis an BBSRC; eiseofar an chéad ghlaio i mí Eanáir 2016. Faoin scéim, beidh an BBSRC in ann tacú le hiarratasóirí ón Ríocht Aontaithe, agus gheobhaidh iarratasóirí Éireannacha cistiú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuirfidh an chomhpháirtíocht sin leis an gcomhoibriú idir Éire agus an Ríocht Aontaithe agus cuirfidh sé ar a gcumas do lucht taighde na hÉireann leas a bhaint as saoráidí sa Ríocht Aontaithe.

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta do thacú le Fís 2020 trí thionscnamh éagsúla, lena n-áirítear:

- Rannpháirtíocht sa Ghrúpa Tionscadal tras-rannach ardeibhéil um Thograí Taighde Straitéisigh.
- Is iad an dá phríomhshásra i ndáil le clársceidealú comhpháirteach ná Comhthionscnaimh Clár agus Líonraí an Limistéir Taighde Eorpaigh (ERA-Net). I measc na gComhthionscnamh Clár ina bhfuil Éire páirteach tá Taighde i leith Galair Néarmheathlúcháin, Talmhaíocht, Slándáil Bia agus Athrú Aeráide, Aiste Bia Sláintiúil le haghaidh Saol Sláintiúil, Cúrsaí Aeráide, Dúshláin Uisce do Dhomhan atá ag Athrú agus Farraigí agus Aigéin atá Folláin, Táirgiúil.
- Tá páirt ghníomhach ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an mBord Taighde Sláinte sa Chomhthionscnamh Clár Aiste Bia thuasluaite. Tá sé geallta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a gealltanais airgid bunaidh a dhúbailt agus dhá thogra a chistiú. Is iad na páirtithe Éireannacha sna cuibhreannais Eorpacha sin ná an tOllamh Paul O'Toole (APC agus UCC) agus an tOllamh Douwe Van Sinderen (APC agus UCC). Cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann €500,000 ar fáil sa dá chás.
- Tá Ciste Imeachtaí sa Bhruiséil ar fiú suas le €50,000 in aghaidh an iarratais é ar fáil faoi Scéim na gComhdhálacha agus na gCeardlann. Fágann an ciste gur féidir comhdhálacha a chur ar siúl sa Bhruiséil do lucht déanta beartas na hEorpa maidir le pleannanna oibre Fhís 2020. Sheol Lárionad Taighde Insight SFI a phlécháipéis "Towards a Magna Carta for Data" tríd an bhfóram sin sa Bhruiséil.

- > Bhí an Clár Taighdeoirí in 2015, i gcomhar le lucht cistithe taighde eile, ag teacht le réimsí a chlúdaítear freisin faoi Fhís 2020; tá na tograí sin á n-athbhreithniú faoi láthair. Cuireadh an glao ar siúl i gcomhar le lucht cistithe taighde eile: Teagasc, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Foras na Mara agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann.
- > Thairg Fondúireacht Eolaíochta Éireann 62 Dámhachtain Tionscanta faoi Fhís 2020 in 2015, atá beartaithe chun tacú le réamhghníomhaíochtaí lena bhféachtar le cuibhreannais agus foirne AE a bhunú chun iarratais a dhéanamh faoi Fhís 2020 amach anseo. I measc na réamhghníomhaíochtaí bhí ceardlanna, siompóisiamai agus cruinnithe duine le duine le comhpháirtithe cuibhreannais féideartha.


Rannpháirtíocht leis an bPobal agus Oideachas don Phobal

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta don phobal is fearr rannpháirtíochta leis an eolaíocht agus is fearr eolais faoin eolaíocht a bhaint amach in Éirinn. Measaimid gurb éard é pobal rannpháirteach ná pobal a thuigeann ról na heolaíochta, atá in ann tosaíochtaí agus argóintí atá san iomaíocht le chéile a mheas, ina spreagtar daoine óga chun an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic (ábhair STEM) a roghnú agus iad ar scoil agus iad ag gabháil don bhreisoideachas, agus a mhothaíonn go bhfuil rannpháirtíocht chuí aige leis an taighde agus cumas cúí i dtaobh tionchar a imirt air.


Tá sé tábhachtach cultúr eolaíochta a chruthú in Éirinn inar mór ag daoine ról taca na heolaíochta agus na teicneolaíochta ina saol agus mar a théann an eolaíocht i ngleic leis an dúshlán gheilleagracha, na dúshlán shóisialta agus na dúshlán chomhshaoil atá romhainn mar shochoaí. Trí mheán ár gclár oideachais agus rannpháirtíochta poiblí, tá sé ina aidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann cur le muinín agus bród an phobail in éachtaí STEM na hÉireann go dtí seo agus inár n-acmhainn sa todhchaí. Tacaíonn an clár sin le punann clár a chuidíonn leis an bpobal tuiscint níos fearr a fháil ar an bpróiseas eolaíoch agus a chothaíonn deiseanna sna gairmeacha STEM do líon níos mó daoine.

In 2015, rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann bainistíocht dhíreach ar Seachtain na hEolaíochta, ar Chlár na Todhchaí Cliste, ar an gClár Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice Bunscoile agus ar chlár ESERO Éireann. Thacaigh sí freisin leis an mórfhobal taighde i dtaobh dul i mbun rannpháirtíochta leis an bpobal agus, tríd an nglao faoi chlár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, thug sí cistiú do 56 tionscadal a rachaidh i bhfeidhm ar thart ar 4.6 milliún duine.


An Tábhacht a chuireann an Pobal leis na hábhair STEM




1. Is tábhachtach an rud é tacú le hoiliúint agus oideachas sna hábhair STEM



2. Tá an eolaíocht tábhachtach i dtaobh aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshlán atá le sárú ag an tsochaí



3. Fágfaidh an taighde sna hábhair STEM go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht na beatha in Éirinn sna 20 bliain amach romhainn



4. Is fiú don Rialtas infheistiú sna hábhair STEM

■ Aontaím go mór

■ Aontaím beagáinín

CÁS-
STAIÉAR

#3



Clare McInerney.

Nuachóiriú an Churaclaim: Códú don Chéad Ghlúin Eile

Tá Clare McInerney, an Bainisteoir Oideachais agus For-rochtana ag Lero, Lárionad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Thaighde Bogearraí in Éirinn, ag obair ar fheidhmiú Cláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don chéad Ghearrchúrsa oifigiúil 100 uair an chloig sa Chódú don tSraith Shóisearach, i gcomhar leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus Intel.

Le cúig bliana anuas, tá Clare agus Lero i mbun oibre ionas go mbeadh forbairt bogearraí ina cuid den chóras oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile. Tá siad freagrach as tabhairt isteach Scratch – amharctheanga ríomhchlárúcháin a fhágann níos éasca é ábhar digiteach a chruthú – i scoileanna na hÉireann, agus éascaíonn siad faoi láthair don Chomórtas Scratch do dhaltáí scoile as ar eascair méadú mór millteanach ar rannpháirtíocht na scoileanna sa chódú. I gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, tá oiliúint Scratch curtha i gcrích ag níos mó ná 3,000 múinteoir.

Ar leibhéal na meánscoile, choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta Clare agus a comhghleacaithe chun cúrsa 100 uair an chloig a ullmhú, an chéad chúrsa oifigiúil sa ríomhchlárúchán agus san innealtóireacht bogearraí i gcóras oideachais dara leibhéal na hÉireann. Ina theannta sin, óstálann siad campaí samhraidh ríomhaireachta atá dírithe ar mhná óga ó aois 14 bliana chun rannpháirtíocht níos mó sa TF a spreagadh i measc ban. De bharr na n-iarrachtaí iontacha a rinne Clare i dtaobh oideachais agus rannpháirtíochta, bronnadh ceann de na gradaim Rise de chuid Google uirthi in 2015. Is duais é sin a thacaíonn le heagraíochtaí a spreagann cailíní agus daltaí tearc-ionadaithe i gcláir ríomheolaíochta sheach-churaclaim.

Seo a leanas roinnt de na buaicphointí tábhachtacha ó na tionscadail a ndearnadh cistiú orthu faoi chlár Fionnachtana SFI in 2015:

Chuaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mbun comhaontaithe leis an gcráoltóir náisiúnta RTÉ chun a spreagadh go gcráolfaí cláir a bhaineann le cúrsaí eolaíochta. Is iad cuspóirí an chomhaontaithe an mórfhobal, na daoine nach mbíonn baint acu de ghnáth le comhráite nó cláir faoi na hábhair STEM, a spreagadh chun spéis a chur sna cláir. Ón gclár píolótach sin, d'eascair dhá chomhghlao coimisiúnaithe i dtaobh clár a bheidh le craoladh in 2016.

An tráth céanna, faoi ghlaao a rinneadh faoi chlár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2015, cuireadh fáilte roimh thograí craolacháin ó chraoltóirí náisiúnta eile, ó scannánóirí agus ó bheochantóirí. Mar thoradh air sin, thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le tionscadail atá á léiriú do 2016 lena n-áirítear déanamh scannán faisnéise le hIonad Scannán na Gaillimhe, sraith taistil a chraolfar ar TV3, agus clár faoin eolaíocht sna spóirt a thaispeánfar ar Setanta. Is é an clár Brain Freeze, ar thacaigh Fondúireacht Eolaíochta leis, a bhuaigh Gradam Rogha na bPáistí don tSraith Bheochana ab fhearr ag Gradaim Bheochana na hÉireann.

De bharr an chomhaontaithe le RTÉ freisin, bhí níos mó eolaíochta agus teicneolaíochta le feiceáil ar fud RTÉ 1 le linn Seachtain na hEolaíochta 2015. Cuireadh tús spleodrach leis an ócáid ar an Late Late Show agus bhí scéalta eolaíochta á gcur i láthair sna craoltaí aimsire ar feadh na seachtaine. Chuir sé sin le tionchar na seachtaine, a bhí á reáchtáil den 20ú huair in 2015. Thacaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le hocht bhféile eolaíochta réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh,

Luimneach, Port Láirge, Sligeach, Maigh Eo agus sa Réigiún Láir Tíre, lena cinntíodh gur chuimsigh Seachtain na hEolaíochta 2015 clár náisiúnta ina raibh níos mó ná 800 imeacht ar bun, idir sheisiúin idirghníomhacha, léachtaí agus ghníomhaíochtaí do chách, beag beann ar aois. Trí úsáid a bhaint as téamaí saghas greannmhar agus ábhar digiteach ar nós an ghearrchláir Sminky dar teideal 'Space Poop' a raibh tóir air ar fud an idirlín, bhí Seachtain na hEolaíochta le feiceáil sna meáin ardéilimh amhail Republic of Telly, Hot Press, forlonta feirmeoireachta agus na meáin shóisialta.

Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann teagmháil leis an bpobal trí thionscadail éagsúla lena n-áirítear tacaíocht do CoderDojo, BEES – tionscadal amharclainne ar bheacha agus bithéagsúlacht, Tech Week agus tionscadal STEM Learning de chuid an RDS. Cinntítear trí éagsúlacht na dtionscadal go bhfuil rud éigin ann do chách. Chuir Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, AMBER, an tionscadal EngAGE ar bun. Clár foghlama pobail idirghlúine a bhí i gceist leis sin trínar tugadh daltaí bunscoile, múinteoirí, taighdeoirí agus daoine aosta le chéile. Thacaigh sé sin leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaol i measc na seanóirí agus thug sé ról do dhaoine óga sa chlár trasghlúine.

Choimisiúnaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Baraiméadar um Eolaíocht in Éirinn in 2015 agus chuir sí i gcrích é. Féachadh leis an taighde le scrúdú a dhéanamh ar fheasacht mhuintir na hÉireann faoi ábhair STEM agus a luach dár sochaí. Tá na torthaí ag cur bonn eolais faoi fhorbairt straitéiseach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus go háirithe faoin gclár oideachais agus rannpháirtíochta poiblí.

CÁS-
STADÉAR

4



An Magna Carta do Shonraí – Mapa slí do chearta na saoránach i dtaighde ar Olltíomsú Sonraí

Tá Lárionad Insight Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Anailísíocht Sonraí chun tosaigh sa phlé ar eitic na sonraí san Eoraip. Is é comhstiúirthóir an Lárionaid, an tOllamh Barry O'Sullivan, atá i gceannas ar thionscnamh Insight um An Magna Carta do Shonraí, a bhfuil sé d'aidhm leis tairbhí an taighde sonraí don phobal a mheá go hoibiachtúil i gcoinne cearta príobháideachta agus cearta cosanta sonraí a bhaineann leis an réimse taighde seo atá seasta ag éirí níos ábhartha.

I mí na Samhna 2015, chuir an tOllamh O'Sullivan coincheap an Magna Carta do Shonraí i láthair ag an Alan Turing Institute in Ollscoil Oxford. Ullmhaíodh i gcomhair an tionscnaimh sna míonna roimhe sin trí phlécháipéis a chur isteach chun na Bruiséile agus trí rannpháirtíocht i Lá Gníomhaíochta maidir le sonraí Sláinte agus Eolaíochta. Trí chomhairliúchán leanúnach in Insight féin, leathnaíodh an comhrá ionas nár bhíad pobail an ghnó, na n-eolaíochtaí sláinte agus na ríomheolaíochta amháin a bheadh páirteach ann, ach na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí chomh maith. Taispeánann scála an tionscnaimh go bhfuil Éire go mór chun tosaigh sa réimse sin ó thaobh eitic sonraí, agus díritear aird ar mheallacht na hÉireann mar phríomhghníomhaire sa taighde ar anailísíocht sonraí.

Bhí an tOllamh O'Sullivan ina bhall de thoscaireacht UCC chuig ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac áit ar chuir sé i láthair forbheathnú ar anailísíocht sonraí agus ar na dúshlána a bhaineann le hOlltíomsú Sonraí sa chuid fhorbartha den domhan agus sa chuid i mbéal forbartha araon.

I measc na dtorthaí, léiríodh gur bhraith duine as beirt in Éirinn go raibh siad ar an eolas faoi ábhair STEM, ach bhraith 71% díobh gur minic a bhíonn ábhair STEM ró-speisialaithe lena dtuiscint. Chuir na torthaí sin bonn eolais faoi na spriocanna agus na torthaí atá leagtha amach i Nuálaíocht 2020 agus sa Straitéis Scileanna Náisiúnta 2025. Shainaithin an baraiméadar freisin grúpaí ar leith i sochaí na hÉireann atá níos scoite ó ábhair STEM, ar nós na ngrúpaí socheacnamaíochta sa chatagóir C2DE, go háirithe daoine in aois 30 – 55 agus na mná. Beidh na torthaí sin ó 2015 ina mbonn eolas do ghníomhaíocht amach anseo i dtaobh oideachais agus rannpháirtíocht poiblí.

Faoi thionscnamh na Todhchaí Cliste, sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann láithreán gréasáin agus córas chun oibríthe deonacha/cuairteanna scoile a bhainistiú d'fhonn tacú le heiseamláirí STEM a chur i láthair daltaí iarbhunscóile ar fud na tíre. Lean an borradh faoin gclár go dtí go raibh 1,500 oibrí deonach oilte páirteach ann: daoine ó eagraíochtaí éagsúla a dhéanann ionadaíocht ar earnálacha tionsclaíochta ar nós na ríomhaireachta, seirbhísí airgeadais agus na ceimice cógaisíochta. Tá an clár tar éis dul i bhfeidhm ar níos mó ná 92,000 dalta ó seoladh é. Chun tacú le hamlíne cinntí na Lár-Oifige Iontrála agus feasacht a mhúscaill faoi chlár na Todhchaí Cliste, rinneadh fógra pictiúrlainne gar do dheireadh na bliana 2015 a cuireadh ar taispeánt i bpictiúrlanna ar fud na tíre le linn mhí na Samhna agus mhí na Nollag.

Ghlac taighdeoirí arna gcistiú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann páirt i roinnt gníomhaíochtaí oideachais agus rannpháirtíochta poiblí in 2015, lena n-áirítear agallaimh agus idirghníomhaíochtaí leis na meáin, 700 léacht agus taispeántas poiblí a réachtáil agus 1,275 cuairt a thabhairt ar bhunscóileanna agus ar mheánscoileanna.

Bronnadh Gradaim Bharr Feabhais Eolaíochta agus Matamaitice faoin gClár Fionnachtana Eolaíochta agus Matamaitice Bunscóile ar bhreis is 500 bunscóil in Éirinn.

Ghlac

92,000

mac léinn páirt sa chlár meantóireachta tionsclaíochta 'Todhchaí Chliste' ó bunaíodh é

SMART
FUTURES

Cúrsaí Inscne sa Taighde

Tá cláir agus tionscnaimh i bhfeidhm ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí ban den scoth ag céimeanna ríthábhachtacha éagsúla ar feadh a ngairme.

In 2015, bhunaigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann tionscnamh chun cur le líon na n-iarratasóirí ban ar a clár suaitheanta luathghairme, an Deontas Taighde do Thaighdeoirí Tosaigh (SIRG). Faoin gclár sin, cuirtear cistiú ceithre bliana ar fáil do na thaighdeoirí luathghairme is fearr agus do mhac léinn PhD amháin faoi mheantóireacht acadóra shinsearaigh. Roimhe seo, ní fhéadfadh comhlachtaí taighde ach cúig iarratas a chur isteach ar Chlár na dThaighdeoirí Tosaigh, gan tagairt ar bith don chothromaíocht inscne. In 2015, ardaíodh an teorainn go dtí 12 iarratas, ar choinníoll nach ó fhir a bheadh níos mó ná sé cinn de na hiarratais a dhéanfaí in aghaidh an chomhlachta taighde. Ba é an réasúnaíocht ba bhonn leis sin ná go bhfuil iarratais ó mhná faoin gclár ar leibhéal seasta thart ar 25% le roinnt blianta anuas, agus nach léiríonn sé sin an 50% de na céimithe PhD in ábhair STEM in Éirinn arb eol dúinn gur mná iad. In 2015, is ó mhná a tháinig 44% de na hiarratais ar an gclár, agus bhí feabhas mór i gceist leis an méid sin.

Chun a chinntiú nach bhfágтар mná as an áireamh sna dámhachtainí arna ndéanamh faoi scéimeanna cistithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ná nach dtugtar díspregadh neamhbheartaithe d'fhostú taighdeoirí mná, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann liúntas máithreachais ar fáil faoina dtugtar cistiú do shealbhóirí dámhachtainí nuair a thógann siad féin nó ball foirne tréimhse saoire máithreachais nó saoire uchtaíocha.

Mar chur chuige tacaíochta breise do thaighdeoirí atá níos faide ar aghaidh ar chosán a ngairme, leagtar síos faoin gcatagóir um Dhul Chun Cinn Gairme Taighdeora de Chlár Thaighdeoirí SFI nach mór do lucht athbhreithnithe sosanna gairme agus tréimhsí oibre páirtaimseartha na n-iarrthóirí a mheas agus measúnú á dhéanamh ar a dtáirgiúlacht thar achar ama. Na daoine a n-éiríonn leo cistiú a fháil faoin dámhachtain sin, bíonn siad incháilithe i dtaobh cistiú a iarraidh chun imeacht ón teagasc d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt dóibh maidir le fillleadh ar an taighde.

In 2015, gheall Fondúireacht Eolaíochta Éireann go rachadh a foireann go léir faoi oiliúint um chlaontacht neamh-chomhfhiosach; tá soláthraí idirnáisiúnta aimsithe agus cuirtear tús leis an gclár sin in 2016. Trínár suíocháin ar Mheitheal Oibre Eolaíochta na hEorpa um Inscne agus Éagsúlacht, agus trí Choiste Athena Swan na hÉireann, tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann seasta á cur féin i gcomparáid leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ag cuardach bealaí nuálacha nua chun breis taighdeoirí ban a fhostú agus tacú leo.

CÁS-
STAIDÉAR

5

Ag Bunú an Chaighdeáin i leith Bogearraí Feistí Leighis ar Fud an Domhain

De bharr na hoibre atá á déanamh ag an Dr Fergal McCaffery i dtaobh teicneolaíocht feistí leighis, tá ar chumas monaróirí comhlíonadh a dhéanamh ar chaighdeáin rialála idirnáisiúnta arna leagan síos ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta Leictreicniúil (IEC), lena mbunaítear Éire mar shuíomh tábhachtach le haghaidh taighde ar fheistí leighis i réimse na mbogearraí innealtóireachta.

Is éard atá i gceist le MDevSPICE, atá forbartha ag an Dr McCaffery agus a fhoireann in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, ná creat a mbaineann eagraíochtaí leas as chun caighdeáin rialála a chomhlíonadh go héifeachtach agus go tíosach. Fágann an fhoireann uirlisí go bhfuil a gcuid táirgí níos tarraingtí ar na margáí idirnáisiúnta toisc gur féidir leo a léiriú do chuideachtaí móra a dhéanann feistí leighis go bhfuil siad in ann bogearraí sábháilte a chur ar fáil dóibh. Go deimhin, le dhá bhliain anuas foilsíodh ceithre pháipéar nua, idir chaighdeáin idirnáisiúnta agus tuarascálacha teicniúla, faoi stiúir dhaoine d'fhoireann an Dochtúra McCaffery.

Ina theannta sin, tá an taighde ar ghnéithe cibearshlándaála na bhfeistí leighis ag cuidiú le heagraíochtaí ar fud an domhain i dtaca le feistí leighis a chruthú atá níos sábháilte agus níos sláine. Bhí gné amháin ar leith den taighde sin dírithe ar Bhainistíocht Riosca TF sa leigheas, agus chuidigh torthaí na hoibre sin le hospidéal ar fud an domhain chun líonraí TF níos sábháilte agus níos sláine a chruthú i réimse an leighis.

Tá dhá mhac-chuideachta á mbunú faoi láthair chun luach tráchtála an taighde sin a neartú, as a n-eascróidh poist ardluacha sa réimse sin.

Tá an Dr McCaffery ina Phríomhthaighdeoir le Lárionad Taighde Lero SFI.



An tOllamh Fergal McCaffery

Lárionaid Taighde SFI

Céim 1 – 2012

7 Lárionad Taighde SFI (2013 – 2019)



An Lárionad Taighde Ardábhar agus Bithinnealtóireachta
www.ambercentre.ie



Institiúid Micribithóim APC
www.ucc.ie/research/apc



Lárionad na hÉireann um Thaighde Aistritheach ar Fhéatais agus Nua-naíonna
www.infantcentre.ie



An Lárionad Anailísíochta Sonraí
www.insight-centre.org



Lárionad Taighde na hÉireann um Chomhtháthú Fótónaice
www.ipic.ie



Lárionad na hÉireann um Fuinneamh Muirí agus Fuinneamh In-athnuaite
www.marei.ie



An Lárionad Cógaisíochta Sintéise agus Soladstaide
www.sspc.ie

Céim 2 – 2013

5 Lárionad Taighde SFI (2015 – 2021)



An Lárionad um Theicneolaíocht Inneachair Dhigitigh
www.adaptcentre.ie



An Lárionad um Líonraí agus Cumarsáid na Todhchaí
www.connectcentre.ie



An Lárionad um Thaighde i bhFeistí Leighis
www.curamdevices.ie



Lárionad na hÉireann um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha
www.icrag-centre.org



Lárionad Taighde na hÉireann um Bogearraí
www.lero.ie

Bhí sé ina phríomhchuspóir faoi Chlár Oibre 2020 Lárionaid Taighde SFI den chéad scoth, ar scála mór a bhunú chun tionchar nach beag a imirt ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann. Bunaíodh seacht Lárionad Taighde de chuid SFI in 2013 agus cuireadh cúig cinn eile leo sin in 2015. Cuimsítear san infheistíocht iomlán sa 12 Lárionad Taighde sin de chuid SFI €355 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus €190 milliún eile atá geallta ag Comhpháirtithe Tionsclaíochta thar shé bliana na dámhachtana.

Tá an 12 Lárionad Taighde sin dírithe ar réimsí straitéiseacha a mbaineann tábhachtach leo d'Éirinn, lena n-áirítear an Chógaisíocht, Olltíomsú Sonraí, Feistí Leighis, Nanaitheicneolaíocht/Ábhair, Fuinneamh In-athnuaite Muirí, Bia Sláinte/Bia Feidhme, Taighde Imbheith, Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha, Bogearraí, Ábhar Digiteach agus Teileachumarsáid. Tugadh tacaíocht eile fós do na Lárionaid Taighde de chuid SFI trí mheán cistiú breise do naoi mhórtionscadal faoi Chlár Spokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus is fiú €23 milliún san iomlán an tacaíocht sin.

Bogearraí
Cógaisíocht
Nanaitheicneolaíocht
FEISTÍ LEIGHIS
Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha
Ábhar Digiteach
[€190 milliún geallta ag lucht tionsclaíochta] [€355 milliún ó SFI]
Teileachumarsáid
TAIGHDE Fuinneamh
IMBHREITHE Nanábhair
Bianna Feidhmiúla
BIA I GCOMHAIR SLÁINTE
OLLTIOMSÚ SONRAÍ [Fuinneamh In-athnuaite Muirí]

Na Príomhachtaí a rinne Lárionaid Taighde SFI in 2015

Eochairtháscairí Feidhmíochta

Tugadh cistiú do Lárionaid Taighde SFI d'fhonn tionchar nach beag a imirt ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann. Tá roinnt príomhtháscairí feidhmíochta is bonn leis an rath atá orthu. Leagann gach Lárionad Taighde de chuid SFI síos spriocanna i leith na dtáscairí ábhartha agus déantar é a thomhas go leanúnach i gcoinne na spriocanna sin. Tá sainchúram ar Lárionaid Taighde SFI freisin sciar costais 30% ar a laghad a fháil ó chomhpháirtithe tionsclaíochta ar bhonn seasta, lena n-áirítear 10% in airgead tirim ar a laghad.

Déantar na 15 Phríomhtháscaire Feidhmíochta a thuairisciú agus a fhíorú le Lárionaid Taighde SFI gach sé mhí. Taispeántar sa tábla seo a leanas torthaí na bPríomhtháscairí Feidhmíochta i gcoinne na sprice le haghaidh na seacht Lárionad Taighde de chuid SFI a bunaíodh in 2012, ó tosaíodh á measúnú i Meitheamh 2013 go dtí deireadh na bliana 2015.

Torthaí carnacha na bPríomhtháscairí Feidhmíochta don chéad seacht Lárionad Taighde de chuid SFI os coinne na spriocanna, ó bunaíodh iad go dtí deireadh 2015

	Carnach	
	Spríoc	Toradh
Foilseacháin Irise	1,012	1,837
Foilseacháin Chomhdhála	719	940
Céimithe MSc/MEng	37	28
Céimithe PhD	36	108
% na mac léinn faoi oiliúint a raibh earnáil na tionsclaíochta mar chéad cheann scríbe acu	24%	23%
Rannpháirtíocht i dtionscadail AE	72	71
Comhordú le tionscnaimh mhóra AE	22	24
Dámhachtainí ERC a deonaíodh	9	11
Cistiú ó fhoinsí seachas an státchiste agus seachas foinsí tráchtála	€54m	€58m
Airgead tionsclaíochta a fuarthas	€10m	€14m
% sciar den chostas ó lucht tionsclaíochta (airgead)	10%	13%
% sciar den chostas ó lucht tionsclaíochta (iomlán)	30%	28%
Dámhachtainí tráchtálaithe de chuid Fhiontraíocht Éireann	58	122
Comhaontuithe ceadúnais	24	61
Mac-chuideachtaí	4	10

CÁS-
STAIÉAR


#6

Ag faire ar na mionsonraí: íomháú ceannródaíoch ar leibhéal na n-adamh le micreascóp úrscothach nua

Cuireadh arís eile leis an rath a bhí ar thaighdeoirí i dtaobh cistiú a fháil ó Chomhairle Taighde na hEorpa (ERC) le déanaí nuair a dámhadh €2.5 milliún ar an Ollamh Valeria Nicolosi, taighdeoir sa Lárionad Taighde Ardábhar agus Bithinnealtóireachta (AMBER) i gColáiste na Tríonóide faoi Dheontas Daingnitheora ERC. Is é sin an ceathrú dámhachtain atá faighte aici ón ERC le cúig bliana anuas.

Tá an tOllamh Nicolosi ag tógáil ar obair a rinneadh cheana i réimse na nana-ábhar agus na stórála fuinnimh. Sa taighde is déanaí seo dá cuid, díreofar ar chadhnráí a fhorbairt a sheasfaidh ar feadh i bhfad i bhfad, ar furasta iad a leabú i bhfóin chliste, in éadaí agus i bhfeistí leighis.

In 2015, cuireadh i gcrích tógáil agus suiteáil an Leictreonmhicreascóip Tarchuir Scanacháin (LMTS) nua NIONTM sa tSaotharlann Ardmicreascópachta in AMBER. Is féidir leis an uirlis nua sin, uirlis den chéad scoth, anailís a dhéanamh ar adaimh agus nithe aonair atá aon mhilliún uair níos lú ná mar atá ribe gruaige an duine. Is í an tOllamh Nicolosi a bhí i gceannas ar an togra, a ndearnadh cistiú air tríd an nGlaó Bonneagair ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Níl ach dornán LMTS NIOM ar fud an domhain, agus de bharr an teicneolaíochta seo a bheith sa tír tá tús curtha le ré nua taighde ar réimse leathan ábhar, lena gcinnteofar go bhfanfaidh Éire amuigh chun tosaigh sa taighde ábhar den chéad scoth, rud a rachaidh chun tairbhe na sochaí i gcoitinne.



Prof Valeria Nicolosi.

Athbhreithnithe Idirnáisiúnta um Dhul Chun Cinn na hEolaíochta

Mar chuid den mheastóireacht fhoriomlán ar Lárionaid Taighde SFI, cuireadh plean i bhfeidhm i dtaobh athbhreithniú mionsonraithe ar an dul chun cinn eolaíoch agus ar thionchar na Lárionad a chur i gcrích thar dhá lá gach dara bliain. Ag deireadh na bliana 2015, rinneadh an chéad athbhreithniú débhlantúil ar an dul chun cinn sna seacht Lárionad Taighde de chuid SFI a bunaíodh in 2012, nuair a tionóladh seacht bpainéal ar leithligh d'athbhreithneoirí eolaíochta idirnáisiúnta in Éirinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhiúntas eolaíochta agus tionchar na seacht Lárionad Taighde. D'éirigh go han-mhaith le Lárionaid Taighde SFI agus rangáíodh iad sa dá chatagóir is airde; 'den scoth' nó 'tionscadal ardchaighdeán' i mbeagnach gach slí. Níl aon amhras ach gurb amhlaidh, chomh maith le príomhtháscairí feidhmíochta láidre agus torthaí láidre i dtaobh sciar costais, go bhfuil taighde atá ar ardchaighdeán fiúntais ó thaobh na heolaíochta á chur i gcrích ag Lárionaid Taighde SFI chomh maith. Seo thíos roinnt sleachta ó thuairimí an phainéil athbhreithneoirí:

Sleachta ó Phainéil Athbhreithneoirí Idirnáisiúnta – Lárionaid Taighde SFI i mbun Taighde ar Ardchaighdeán Feabhais agus Ardchaighdeán Tionchair



“Dream taighdeoirí **den scoth** agus aitheantas ar a mbarr feabhais ar an leibhéal domhanda i gcumais lárnacha spriocdhírthe”

“**treoirphlean** le haghaidh idirghníomhaíocht bharrfeabhsaithe idir an lucht tionsclaíochta agus an lucht acadúil



“D'éirigh le *Insight* a cháil a bhunú mar **mhórinstitiúid taighde ar an leibhéal idirnáisiúnta**”

“Baineadh leas éifeachtach as an infheistíocht ó SFI chun cistiú a ghíaráil ón lucht tionsclaíochta... agus ó lucht cistithe nua AE agus idirnáisiúnta”



“**ceannaire sa réimse seo**, a bhfuil lucht tionsclaíochta ar fud an domhain ag iarraidh dul i bpáirt leis”

“Tá **bailiúchán saibhir** gníomhaíochtaí oideachasúla agus for-rochtana ag APC”



“**ceannairí** i dtaobh cumarsáide, comhtháthú, agus pacáistiú fótonaice”

“sa chéad dá bhliain ar an bhfód dó, tá IPIC tar éis **tionchar thar na bearta** a imirt ar fheabhas taighde, ar fhás geilleagrach, ar chaipiteal daonna agus ar sheasamh idirnáisiúnta”



“Tugtar **fianaise láidir** go bhfuil na tionscadail aonair agus na forbairtí diagnóisice agus teiripic úrscothach agus ceannródaíoch”



“tá **infheistíocht mhór déanta ag an lucht tionsclaíochta** i dtaighde ar Fhuinneamh In-athnuaite Muirí”

“foireann **láidir thiomanta** eolaithe a chlúdaíonn réimse leathan ábhar spéise sa Taighde ar Fhuinneamh In-athnuaite Muirí”



“**comhoibriú den scoth** le cuideachtaí cógaisíochta...

Tá SSPC agus na saoráidí agus na deiseanna dá chuid ina **mórthoisic i leith na hinfheistíochta** i mbonneagar taighde agus i saoráidí déantúsaíochta in Éirinn”

“tá sé léirithe go soiléir ag an Lárionad go bhfuil an cumas aige **cistiú nach ón stát é a mhealladh** (cistiú AE den chuid is mó)”

I mbun Rannpháirtíochta le Lucht Tionsclaíochta d'fhonn Tionchar a Imirt

Ag deireadh na bliana 2015, bhí comhaontuithe um thaighde comhoibritheach sínithe ag an 12 Lárionad Taighde de chuid SFI le níos mó ná 300 comhpháirtí tionsclaíochta, agus bhí 200 conradh eile faoi chaibidil. Tá na Lárionaid Taighde ag comhoibriú le fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn agus thar lear trí raon leathan tionscadal a chlúdaíonn tréimhse idir bliain amháin agus sé bliana. Chomh maith le taighde comhoibritheach, tá Lárionaid Taighde SFI i mbun tráchtálú gníomhach ar mhaoin intleachtúil a eascraíonn ón rannpháirtíocht sin le hearnáil na tionsclaíochta.

Bunaíodh dhá mhac-chuideachta nua le bliain anuas agus síníodh breis is fiche comhaontú ceadúnaithe. Ina theannta sin, sholáthair Lárionaid Taighde SFI daoine oilte don earnáil tionsclaíochta, agus tá breis is 20% de na hoiliúnaithe ó na Lárionaid Taighde tar éis dul chuig earnáil na tionsclaíochta mar chéad cheann scríbe.

- Mac-chuideachta nua de chuid ADAPT agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath is ea Gajo Ltd. Is í an Dr Deirdre Hogan atá i gceannas ar Gajo, a cláraíodh in 2015 agus a cheadúnaigh teicneolaíocht anailíse meoin Gajo do na Meáin Shóisialta ó ADAPT i DCU go gairid ina dhiaidh sin.
- Bunaíodh Exceedence Ltd mar mhac-chuideachta oifigiúil de chuid MaREI in 2015 chun bogearraí agus sainseirbhísí a chur ar fáil in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite.
- Tá ceadúnas curtha i gcrích ag ADAPT le FBD i dtaobh “Sherlock”, bogearraí a bhraitheann calaíochas, as ar eascair ioncam €100,000.
- Tá IPIC ag obair i gcomhpháirtíocht le saineolaithe dearaidh agus forbartha T&F de chuid Stryker i gCorcaigh d’fhonn teicneolaíochtaí fótóinice a chur i bhfeidhm chun uirlisí máinliachta cliste den chéad ghlúin eile a fhorbairt lena gcumasófar gnáthaimh nuálacha atá níos tapúla agus níos simplí chun torthaí na n-othar a fheabhsú.

Cistiú Idirnáisiúnta a Mhealladh

Tá an 12 Lárionad Taighde ina lóchrainn idirnáisiúnta chun tallann a mhealladh agus cistiú nach ón Stát é a ghiarail, le béim ar leith ar Fhís 2020. Tá na Lárionaid Taighde ag sárú a gcuid spriocanna maidir le dámhachtainí ERC agus tá siad ag glacadh páirte i gcuibhreannais i gcomhair Fhís 2020, nó i gceannas orthu. Lena chois sin, fuarthas cistiú ón Wellcome Trust, ón Melinda and Bill Gates Foundation agus ó fhoinsí daonchairdiúla eile. In 2015, tarraingíodh síos €44 milliún ó ghníomhaireachtaí cistithe idirnáisiúnta. Bronnadh dhá chomhpháirtíocht idirnáisiúnta idir Lárionaid Taighde SFI agus Ionaid Taighde Innealtóireachta arna gcistiú ag Foras Náisiúnta Eolaíochta SAM in 2015, faoina bhfuarthas infheistíocht bhreise €2 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus infheistíocht mheaitseála ón bhForas Náisiúnta Eolaíochta, mar aon le cistiú nach beag ón Roinn Fostaíochta agus Foghlama i dTuaisceart Éireann. A bhúil leis na babhtáí comhoibrithe AE agus idirnáisiúnta sin, tá aistriú mac léinn agus taighdeoirí iardhochtúireachta á chumasú, mar aon le malartú smaointe agus saineolais.

- In 2015, dhámh an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) cúig dheontas ar CÚRAM, cistiú €7 milliún san iomlán.
- Dhámh an Chomhairle Eorpach um Thaighde cistiú dar luach níos mó ná €8 milliún ar AMBER trí shé dhámhachtain lena n-áirítear deontais Tosaitheora, deontais Daingnitheora agus deontais um Chruthúnas Coincheapa.
- In 2015, fuair iCrag cistiú dar luach breis agus €1.3 milliún ó Fhís 2020.

- Faoin gclár comhpháirtíochta idir SAM agus Éire, tugadh dhá dhámhachtain do Connect/IPIC agus SSPC chun tacú le babhtáí comhoibrithe idir Ionaid Taighde Innealtóireachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá. D’fhág sé sin gur éascaíodh do thionscadail idir an tIonad um Líonraí Rochtana Comhtháite in Ollscoil Arizona, CONNECT agus IPIC agus an Institiúid Taighde Ríomheolaíochta (CSRI) in Ollscoil Uladh, agus idir SSPC, Ionad na gCóras Cáithnínach Struchtúrtha Orgánach (CSOPS) ag Ollscoil Rutgers agus Ionad na nEolaíochtaí Cógaisíochta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.

Ag cur le Clú Idirnáisiúnta na hÉireann

Tá Lárionaid Taighde SFI ag cur leis an dea-cháil agus an iomrá atá ar Éirinn thar lear, rud a mheallann earnáil na tionsclaíochta i dtaobh na hinfeistíochta in Éirinn.

- Leathnaíodh Meabhrán Tuisceana le Foras Náisiúnta Eolaíochta na Stát Aontaithe (NSF) chun éascú do thionscadail chomhoibritheacha idir Ionaid Taighde Innealtóireachta sna Stáit Aontaithe agus Lárionaid Taighde SFI in Éirinn.
- Thogh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) an tOllamh Jerry D. Murphy, stiúrthóir MaREI, mar Cheannaire Thásc na Gníomhaireachta sin um ‘Fuinneamh ó Bhithghás’.
- Bhronn an Cercle Gutenberg duais iomráiteach Gutenberg ar an Ollamh Michael Coey ó AMBER in 2015. Cuimsíonn an Cercle Gutenberg iad siúd a bhuaigh duaiseanna Nobel agus Comhaltaí Acadamh Eolaíochta na Fraince agus Acadaimh Eolaíochta eile atá lonnaithe san Alsáis.
- Tionóladh an chéad chomhdháil bhliantúil de chuid SSPC-PMTC i dtaobh Teicneolaíocht Anailíseach Próisis, faoi choimirce SSPC agus Lárionad na Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta (PMTC), in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh 2015, agus d’fhreastail scoth na n-eolaithe cógaisíochta, idir lucht tionsclaíochta agus lucht acadúil, uirthi.
- Bhí an tOllamh Paul Ross, Príomhthaighdeoir in APC, ar liosta na bliana 2015 de chuid Thompson Reuters de na heolaithe is mó tionchair ar domhan.
- Is é an tOllamh Brian Caulfield, Príomhthaighdeoir in Insight, a bhuaigh an Google Wearables in Healthcare Pilot Challenge 2015, a bhí ar siúl i gceanncheathrú Google in Cambridge, Massachusetts, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

An Barr Feabhais Eolaíochta a Chur Chun Cinn

Gníomhaíonn Lárionaid Taighde SFI i gcáil ceannairí smaointeoireachta thar raon leathan disciplíní i réimsí an TFC, na Sláinte, an Fhuinnimh, na nGeo-eolaíochtaí agus na Cógaisíochta. Tá barr feabhais taighde agus ceannaireacht á mbaint amach acu, arna dtomhas trí tháscairí cosúil le foilseacháin in irisí agus comhdhálacha den chéad ghrád, luanna, eagarthóireacht ar irisí den chéad ghrád, agus cuir chun léachtaí a thabhairt ag comhdhálacha den chéad ghrád. In 2015, cuireadh níos mó ná 1000 foilseachán i leith Lárionaid Taighde SFI. In 2015, dhámh an Chomhairle Eorpach um Thaighde deich ndéontas, idir dhéontais Tosaitheora, dhéontais Daingnitheora agus deontais um Chruithúnas Coincheapa, ar thaighdeoirí ó Lárionad Taighde SFI.

- > D'fhoilsigh taighdeoirí in APC (UCC), faoi stiúir an Ollaimh John Cryan agus an Ollaimh Ted Dinan, páipéar san iris *Brain, Behavior and Immunity* ina ndearnadh iniúchadh ar na comharthaí bithcheimiceacha a rialaíonn na naisc thábhachtacha sláinte agus forbartha idir an inchinn, an stéig agus micribithóm.
- > D'fhoilsigh taighdeoirí in AMBER faoi stiúir an Ollaimh Michael Coey, mar aon le taighdeoirí ón Ísiltír, Singeapór, agus na Stáit Aontaithe, páipéar san iris *Science* ina ndearna siad cur síos ar mar is féidir maignnéadas a chasadh air go tobann trí chiseal nach bhfuil ach adamh amháin ar tiús a chur le scannán tanaí d'ábhar sonrach ocsaíde. Baineann tábhacht leis sin i réimse eolaíocht na n-ábhar, agus lena chois sin is fionnachtain shuntasach é a d'fhéadfadh a bheith úsáideach maidir le hollsonraí an Domhain a stóráil.
- > D'fhoilsigh taighdeoirí in CONNECT, faoi stiúir an Dochtúra Ronan Farrell, páipéar san iris *IEEE Microwave and Wireless Components Letters* a mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar aimplitheoirí cumhachta, atá ar cheann de na comhphárteanna lárnacha i dtaobh ardnóid rochtana cliste ar Idirlíon na nEarraí.
- > D'fhoilsigh taighdeoirí in MaREI, faoi stiúir an Ollaimh John Ringwood, páipéar in *IEEE Transactions on Sustainable Energy* ina léirítear mar a bhaintear an leas is fearr as éifeachtúlachtaí fuinnimh agus eagair feistí fuinneamh tonnta á gcur chun feidhme.

Tionchar ar an tSochaí

Tá Lárionaid Taighde SFI i gceannas ar príomhthionscadail náisiúnta a mbeidh tionchar mór acu ar an tsochaí.

- > Tá CONNECT i gceannas ar thionscadal ar a dtugtar *Pervasive Nation*, faoina suiteálfar líonra gan sreang ar fud na hÉireann a thacóidh le taighde agus nuálaíocht a bhaineann le hIdirlíon na nEarraí agus a éascóidh d'fheidhmeanna cosúil le monatóireacht tuilte agus talmhaíocht chliste.
- > Tá clár taighde MaREI ag teacht le riachtanais na n-ionad sonraí agus an gá atá acu le fuinneamh in-athnuaite.

- > Tá SSPC ag leanúint ar aghaidh lena chuid oibre, atá dírithe ar an tionscal cógaisíochta a bheith níos báúla don chomhshaol agus feabhas a chur ar phróisis chógaisíochta, as a dtiocfaidh fáil níos fearr ar chógais agus rogha níos fearr ag othar ina leith.
- > Tá INFANT ag forbairt modhanna ríomhaireachta a chuideoidh le hanailís a dhéanamh ar thonnta inchinne nua-naíonna ionas gur féidir teagmhais dhíobhálacha, ar nós taomanna san inchinn, a bhrath. Tá sé ina aidhm leis an taighde sin feabhas a chur ar thorthaí sláinte fadtéarmacha leanaí nuabhairthe trí fhadhbanna néareolaíochta a bhrath go luath agus go cruinn ionas gur féidir straitéisí cóireála agus idirghabhála cuí a chur chun feidhme go tapa.

Oideachas agus Rannpháirtíocht leis an bPobal

Tá Lárionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag spreagadh mic léinn STEM na toadhcháí agus ag cur oideachais agus oiliúna ar innealtóirí agus eolaithe na toadhcháí ionas go mbeidh poist ardluacha acu le cuideachtaí ilnáisiúnta agus FBManna in Éirinn. In 2015, reáchtáil na Lárionaid Taighde 294 gníomhaíocht oideachais agus gníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí, a chuaigh i gcion ar bhreis is 2.5 milliún duine san iomlán.

- > D'fhorbair Lárionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ábhar nua rannpháirtíochta poiblí chun aird a dhíriú ar thaighde ag imeachtaí poiblí ar nós an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta agus ag ionaid ar fud na tíre le linn Sheachtain na hEolaíochta 2015. Bhí na Lárionaid ag obair as lámha a chéile freisin chun taispeántas idirghníomhach a chur ar bun ag Taispeántas Eolaíochta agus Teicneolaíochta BT an Eolaí Óig i mí Eanáir 2015.
- > Sheol AMBER an tionscadal Science LIVE! dá chuid faoina dtugtar turais threoraithe idirghníomhacha ar líne ar ionaid eolaíochta in Éirinn. Tugann na turais fhíorúla sin deis do ranganna bunscoile rochtain dhíreach a bheith acu ar phríomhshaoráidí taighde agus príomheolaithe na hÉireann, rud a spreagann iad chun meon dearfach a bheith acu i leith gairmeacha san eolaíocht.
- > D'oibrigh Insight le Gasóga na hÉireann chun acmhainn chinntitheach ábhar STEM a chruithú do bhaill óga na heagraíochta agus do Cheannairí fásta, a éascóidh dá dteagmháil leis na hábhair sin lasmuigh den seomra ranga i gcomhthéacs spráúil neamhfhoirmiúil.

Dámhachtainí Nua in 2015

Ceadaíodh 367 dámhachtain nua in 2015 ar fud 26 clár, agus b'fhiú €131 milliún san iomlán iad. Íodadh beagnach €163 milliún san iomlán le 62 comhlacht/eagraíocht taighde in 2015.

Seo a leanas achoimre ar chinntí i leith na gclár dámhachtainí in 2015:


- > Rinneadh 23 dámhachtain le taighdeoirí sinsearacha den scoth trí **Chlár na dTaighdeoirí**. Reáchtáladh an clár sin i gcomhpháirtíocht le Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann agus tugadh cistiú do sheacht dtionscadal faoi, a raibh comhoibriú taighde Thuaidh-Theas i gceist leo.
- > Rinneadh sé cinn de dhámhachtainí tríd **an gClár Spokes de chuid Lárionaid Taighde SFI**. Bhí cistiú dar luach timpeall is €16.3 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gceist ansin, agus comhchistiú ó bhreis is 20 comhpháirtí tionsclaíochta go dtí luach carnach €10.5 milliún, rud a d'fhág gurbh fhiú breis agus €26 milliún san iomlán an cistiú Spokes i leith na bliana 2015.
- > Faoi **Chlár na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha**, bronnadh ceithre dhámhachtain inar cuimsíodh infheistíocht €9.8 milliún ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, móide luach carnach €8.9 milliún ó chomhpháirtithe tionsclaíochta, comhpháirtithe daonchairdiúla, comhpháirtithe carthanachta agus comhpháirtithe acadúla. D'fhág sé sin gurbh fhiú beagnach €19 milliún an cistiú ar bhonn comhpháirtíochta.
- > As trí dhámhachtain ar tugadh cistiú dóibh faoi **Scéim Chomhphárteachais SFI agus an Chumainn Ríoga**, d'eascair dhámhachtainí gradamacha do thaighdeoir Éireannach luathghairme, is iad sin Comhaltachtaí Taighde Ollscoile an Chumainn Ríoga.
- > Bronnadh trí cinn de **Dhámhachtainí Nuálaíochta Biteiripice SFI-Pfizer**, rud a d'fhág gur tugadh cistiú d'ocht dtionscadal san iomlán faoi dhá ghla de chuid na scéime comhpháirtíochta ar leith sin.
- > **Infheistíodh €28 milliún in 21 dhámhachtain taighde do threalamh agus saoráidí** in earnálacha lena n-áirítear na geo-eolaíochtaí feidhmíochta, déantúsaíocht chógaisíochta, an bhith-bhaincéireacht, fuinneamh in-athnuaite muirí, Idirlíon na nEarraí, an réalteolaíocht, olltíomsú sonraí agus déantúsaíocht bhreiseánach agus leas á bhaint as nana-ábhair.

Rinneadh 56 dhámhachtain faoi Chlár Fionnachtana SFI, dar luach iomlán €3.9 milliún, chun tacú le hoideachas agus rannpháirtíocht mhuintir na hÉireann agus, go sonrath, aos óg na hÉireann, dream a bhfuil súil againn a bheidh ag gabháil do ghairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht chun borradh a chur faoi gheilleagar na tíre seo sna blianta atá romhainn.

Fondúireacht Eolaíochta Éireann – Punann Chothromaithe

Tairgeann Fondúireacht Eolaíochta Éireann punann chothromaithe clár, agus i gcás a lán de na cláir sin bítear i mbun babhtáí comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le hearnáil na tionsclaíochta (idir bheag agus mhór), carthanachtaí (Wellcome Trust, Cumann Ailse na hÉireann), lucht cistithe idirnáisiúnta (an Foras Náisiúnta Eolaíochta, an Institiúid Náisiúnta Sláinte (SAM), an Cumann Ríoga agus BBSRC (an Ríocht Aontaithe), an Roinn Oideachais agus Foghlama (Tuaisceart Éireann) agus lucht cistithe náisiúnta in Éirinn (Teagasc, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, an Bord Taighde Sláinte, etc.). Áirítear sa phunann sin idir glaonna arna dtionscnamh ag taighdeoirí agus glaonna téamacha, deontais tionscadail agus dhámhachtainí mórscála na Lárionaid Taighde, cistiú gearrthéarmach agus cistiú fadtéarmach, tacaíocht do thaighdeoirí atá ag tús a ngairme, iad siúd atá ag teacht chun cinn agus ceannairí taighde seanbhunaithe, idir dhámhachtainí do dhaoine aonair agus dhámhachtainí comhoibriúchá. Faoi láthair, infheistíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann timpeall is an méid céanna dá buiséad i ndámhachtainí faoi threoir Taighdeoirí agus i ngníomhaíochtaí mór sna Lárionaid Taighde.

Buiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus é miondealaithe de réir Cineál Cláir



- Tionsclaíocht agus Fiontraíocht
- Dámhachtainí faoi stiúir Taighdeora
- Lárionaid Taighde
- Eile


Tá an taighde bunúsach spriocdhírthe fós ina chuid lárnach den sainchúram atá ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Mar sin féin, toisc go bhfuil Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag déanamh cistiú níos mó agus níos mó anois ar thaighde feidhmeach agus ar thaighde a mbíonn comhoibriú agus comhpháirtíocht le lucht na tionsclaíochta i gceist leis, is tairbheach an rud é na dámhachtainí a rangú ionas gur féidir linn measúnú a dhéanamh ar aibíocht cláir taighde bheartaithe agus na teicneolaíochta a d'fhéadfadh eascairt as, agus cé chomh fada síos an cosán i dtreo úsáid fheidhmeach a bhfuil sé i gceist go dtabharfadh an clár taighde an teicneolaíocht sin. Chun measúnú a dhéanamh ar aibíocht na ndámhachtainí laistigh dá punann cistithe, baineann SFI leas as an scála meastóireachta céanna um Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (LRT) atá in úsáid sa Chlár Fís 2020 (atá léirithe thíos), atá curtha in oiriúint ó scála LRT a d'fhorbair NASA sna 1970í.

Mar atá cúlraí faoi láthair, is in LRT 1 agus LRT 2 a luíonn an chuid is mó de phunann infheistíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Le himeacht ama agus i bhfianaise sainchúram leathnaithe a bheith ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, beifear ag súil go gclúdóidh na hinfeistíochtaí na leibhéil LRT idir 1 agus 6 nó 7. Cuirfear amach anseo leis na hinfeistíochtaí a dhéanann SFI sa leibhéal meánach go dtí an leibhéal barr, ach, i gcomhthéacs na straitéise Nuálaíocht 2020 agus na bpleananna náisiúnta i dtaobh cur leis an infheistíocht phoiblí sa taighde STEM, beidh cuid mhaith den infheistíocht ó SFI fós ar na leibhéil ísle LRT.

Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (LRT)

- TRL 1 Bunphrionsabail breathnaithe
- TRL 2 Coincheap teicneolaíochta curtha i dtoll a chéile
- TRL 3 Cruthúnas coincheapa turgnamhach
- TRL 4 An teicneolaíocht bailíochtaithe i saotharlann
- TRL 5 An teicneolaíocht bailíochtaithe i dtimpeallacht chuí (timpeallacht tionsclaíoch ábhartha i gcás príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin)
- TRL 6 An teicneolaíocht léirithe i dtimpeallacht chuí (timpeallacht tionsclaíoch ábhartha i gcás príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin)
- TRL 7 Fréamhshamhail den chóras léirithe i dtimpeallacht oibriúcháin
- TRL 8 Córas curtha i gcrích agus é cáilithe
- TRL 9 Córas iarbhír atá cruthaithe i dtimpeallacht oibriúcháin (déantúsaíocht iomaíoch i gcás príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, nó sa spás)

Miondealú ar Bhuiséad Fhondúireacht Eolaíochta Éireann de réir LRT





Rialachas,
Struchtúr
Eagraíochtúil agus
Fógraí Reachtúla

Rialachas agus Maoirseacht

Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar chomhlacht corpraithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2013, arna leasú.

Cuimsíonn comhaltaí Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann comhaltaí na gníomhaireachta. Bhí athbhreithniú domhain déanta ag an mBord in 2014 ar a chuid beartas agus nósanna imeachta, agus ar ghníomhaíochtaí a choistí chomh maith. In 2015 lean an Bord ag cloí le hardphrionsabail an Rialachais Chorparáidigh. I dtaca leis sin, fuair an Bord meastóireacht sheachtrach ar a réimeas Rialachais Chorparáidigh in 2015 faoi mhairseacht an Choiste Rialachais Chorparáidigh. Bhain an Bord amach deimhniúchán Swift3000 tríd an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, agus ghnóthaigh sé scór 3.875 as 4 sa mheasúnacht.

Bord SFI



Ann Riordan, Cathaoirleach Fhondúireacht Eolaíochta Éireann

Tá Ann Riordan ag feidhmiú mar chomhalta boird le fada, agus roimhe seo bhí poist shinsearacha éagsúla san earnáil TFC aici. Ba í a bhunaigh Microsoft Ireland in 1990 agus bhí ról lárnach aici sa tionscnamh Fastrack to IT (FIT) a bhunú freisin, tionscnamh faoinar cuireadh oiliúint go dtí seo ar bhreis is 12,000 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach. Bhí sí ina comhalta de Choiste Stiúrtha na Sochaí Faisnéise agus de Chomhairle Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta na hÉireann. Áirítear i measc na ról a bhí aici ó chuaigh sí ar scor ó Microsoft: Uachtarán ar Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn; Cathaoirleach ar Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; Cathaoirleach ar Thurasóireacht Éireann; Cathaoirleach ar Údarás Réigiúnach Turasóireachta Bhaile Átha Cliath agus stiúrthóir leas phoiblí ar an gCumann Oideach Foirgníochta.



An tOllamh Mark W.J. Ferguson, Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Thosaigh an tOllamh Ferguson i mbun dualgais mar Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Eanáir 2012 agus mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, ceapadh Mark Ferguson mar Ollamh le hEolaíochtaí Beatha in Ollscoil Mhanchain in 1984, nuair a bhí sé 28 bliana d'aois, agus ba é an tOllamh ab óige sa Bhreatain an tráth sin. Tá spéis ag Mark i réimsí éagsúla taighde agus is iomaí dámhachtain, duais, bonn agus gradam idirnáisiúnta atá bronnta air. Ba é Mark a bhunaigh an Manchester Biosciences Incubator chun seirbhísí meantóireachta a chur ar fáil do chuideachtaí nua-thionscanta agus bhí sé ar dhuine de chombhunaitheoirí (leis an Dr Sharon O’Kane) Renovo, cuideachta bhiteicneolaíochta a dhíríonn ar theiripí núíosacha cógaisíochta a fhorbairt. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Renovo freisin. D’fhóin Mark ar Choistí agus Painéil idirnáisiúnta iomadúla, agus ar Bhord nó Bord Comhairleach Eolaíochta roinnt cuideachtaí biteicneolaíochta idirnáisiúnta. Tá céimeanna bainte amach ag Mark san Anatamaíocht, san Fhiaclóireacht, sa tSutheolaíocht agus sna hEolaíochtaí Leighis, tá sé ina Ollamh Oinigh leis na hEolaíochtaí Beatha in Ollscoil Mhanchain faoi láthair, ina Chomhalta de roinnt Cumann Léannta, agus bronnadh CBE air i 1999.



An tOllamh Sir Tom Blundell, Stiúrthóir Taighde agus Ollamh Emeritus sa Bhithcheimic, Ollscoil Cambridge

Tá an tOllamh Sir Tom Blundell ina Stiúrthóir Taighde agus ina Ollamh Emeritus sa Bhithcheimic in Ollscoil Cambridge. Roimhe seo bhí poist teagaisc agus taighde aige in Ollscoil London, Ollscoil Sussex agus Ollscoil Oxford agus tá foireann ghníomhach faoina stiúir atá i mbun taighde ar an mbitheolaíocht struchtúrtha agus ar an ríomh-bhitheolaíocht. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Astex Therapeutics, agus tá tréimhse caite aige ina chomhalta ar roinnt Bord nó Bord Comhairleach Eolaíochta eile le cuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB. Roimhe seo bhí roinnt ról gradamach ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, i gCoimisiúin Ríoga agus i gCarthanais agus ba chomhalta é de ghrúpa comhairleach an Phríomh-Aire. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach agus ina Chathaoirleach ar Chomhairle Taighde Biteicneolaíochta agus Eolaíochtaí Bitheacha na Ríochta Aontaithe, eagraíocht a bhunaigh sé féin. Rinneadh ridire de in 1997 agus is comhalta de roinnt acadamh é. Is iomaí dámhachtain, duais, bonn agus gradam idirnáisiúnta a bronnadh air i ndáil leis an taighde atá curtha i gcrích aige agus tá Dochtúireachtaí Oinigh bronnta ag 16 Ollscoil air.



An tUasal Liam Madden, Leasuachtarán Corparáideach na hInnealtóireachta, Xilinx

Tá Liam Madden i gceannas ar eagraíocht dhomhanda de ghairmithe sa taighde agus san fhorbairt, agus foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh san áireamh. Tá breis is 30 bliain caite ag an Uasal Madden i dtionscal na leathsheoltóirí sna Stáit Aontaithe, áit a bhfuil cion déanta aige ar son réimse táirgí agus teicneolaíochtaí atá amuigh chun tosaigh sa tionscal. Tá sé lonnaithe in Silicon Valley, agus bhí sé i mbun oibre le cuideachtaí seanbhunaithe agus le cuideachtaí nua-thionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta i dtairiscint phoiblí tosaigh ar éirigh go geal léi. Tá taithí fhairsing ag an Uasal Madden i dtaobh teicneolaíochtaí nuálacha a chothú, agus rinne sé tráchtálú le déanaí ar an chéad slis ríomhaire chruachta thrí-thoiseach sa tionscal. Tá cúig phaitinn aige i dteicneolaíocht na leathsheoltóirí. Is Comhalta de chuid Innealtóirí Éireann é agus i mí an Mheithimh 2013 ceapadh é ina Ollamh Cúnta san Innealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Chumarsáide in UCD.



An Dr Rita Colwell, Ollamh in Ollscoil Maryland ag College Park agus i Scoil Bloomberg na Sláinte Poiblí in Ollscoil John Hopkins, agus Cathaoirleach ar CosmosID Bioinformatics Inc.

D'fhóin an Dr Colwell mar an 11ú Stiúrthóir ar Fhoras Náisiúnta Eolaíochta (NSF) na Stát Aontaithe idir 1998 agus 2004. Ina cáil mar Stiúrthóir ar NSF, i measc na dtionscnamh éagsúil a raibh baint aici leo, d'fhorbair sí raon clár NSF lena n-áirítear cibearbhonneagar agus idirghníomhaíocht speisialta san oideachas eolaíochta agus matamaitice, oideachas eolaíochta agus innealtóireachta ar leibhéal na gcéimithe agus dlús a chur faoi rannpháirtíocht na mban agus grúpaí mionlacha san earnáil eolaíochta agus innealtóireachta. Is comhalta í an Dr Colwell d'Acadamh Náisiúnta Eolaíochtaí na Stát Aontaithe, tá roinnt dochtúireachtaí oinigh bronnta uirthi agus fónann sí ar bhoird chomhairleacha eolaíochta ar fud an domhain. Bhronn Uachtarán na Stát Aontaithe an Bonn Náisiúnta Eolaíochta uirthi in 2006.



Bernie Cullinan Uasal, Príomhfheidhmeannach, Pragma Advisory

Cuideachta is ea Pragma Advisory a sholáthraíonn réitigh comhairleacha straitéiseacha agus oibriúcháin do chuideachtaí san earnáil FBM i réimsí éagsúla. Roimhe seo bhí poist ar an leibhéal is airde ag Bernie i roinnt cuideachtaí teicneolaíochta Éireannacha agus bíonn sí fós ag obair san earnáil sin. Le linn di na ról sin a chomhlíonadh, bhí ról lárnach ag Bernie maidir le dlús a chur faoi fhás agus faoi luach do na scairshealbhóirí sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Roimhe seo bhíodh Bernie ina Cathaoirleach ar Chumann Bogearraí na hÉireann. Bhronn UCD céimeanna BComm agus MBA uirthi agus is Comhalta d'Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA) í. Bhíodh Bernie ina huachtarán ar CIMA agus tá sí ina comhalta d'Iontaobhas Oideachais DCU.



Mary Doyle Uasal, Leas-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna

Comhalta is ea Mary Doyle de Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, arna ceapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna. Thosaigh Mary i mbun oibre sa ról atá aici faoi láthair sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mí an Mheithimh 2012, áit a bhfuil sí i gceannas ar an Rannóg Ardoideachais sa Roinn. Bhíodh sí i mbun oibre i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Sláinte, agus bhí sí ina hArd-Stiúrthóir in Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Bhí sí ina comhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Bhord Náisiúnta Staidrimh agus ina Comhalta Fóraim den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Bhain sí céim amach sa Leánn Eorpach ó Ollscoil Luimnigh agus Céim Mháistir i mBainistíocht na Seirbhíse Poiblí ó Choláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus Foras Bainistíochta na hÉireann.



Geraldine Ruane Uasal, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Feidhmeannach sinsearach nuálach is ea Geraldine Ruane a bhfuil cuntas teiste aici i dtaobh athrú ó bhonn a dhéanamh ar eagraíochtaí ildhisciplíneacha gormshlise san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon, d'fhonn eagraíochtaí brabúsacha ardfeidhmíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú. Ina cáil mar Phríomhfheidhmeannach, Comhalta Boird, Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir tá taithí agus eolas leathan domhain ag Geraldine ar chuideachtaí fáis atá dírithe ar chustaiméirí in earnálacha éagsúla lena n-áirítear an Chógaisíocht, TFC, Seirbhísí Airgeadais, Seirbhísí Tionsclaíochta agus Ardoideachas. Sna hearnálacha sin, rinne Geraldine forbairt ar straitéisí agus chuir sí chun feidhme iad, agus rinne sí mórchlár bainistíochta athruithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Tá cáil uirthi as ucht a stíle bainistíochta comhairliúcháin, agus díríonn sí ar cheannaireacht láidir, ar fhorbairt foirne agus ar thorthaí gnó suntasacha a sholáthar. Tá Geraldine ina Príomhoifigeach Oibriúcháin i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi láthair.



An tUasal Aidan W. Donnelly, Stiúrthóir Bainistíochta ar Advest Management Ltd

Tá an tUasal Aidan W. Donnelly ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Advest Management Ltd, cuideachta a dhéanann bainistíocht ar chistí cothromais phríobháidigh. Ina theannta sin tá sé ina Chathaoirleach ar NORA, an ghníomhaireacht de chuid rialtas na hÉireann atá freagrach as Cúltaí Ola Náisiúnta na hÉireann agus tá roinnt leasanna aige i gcuideachtaí nua-thionscanta i réimsí an fhuinnimh in-athnuaite agus an chomhshaoil. Tá an-taithí ag Aidan maidir le forbairt agus bainistiú cuideachtaí ilnáisiúnta atá dírithe ar an teicneolaíocht in Éirinn, amhail Xerox (Europe) Ltd, Quantum Peripheral Products Ltd, Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Ltd) agus, le déanaí, ServeCentric Ltd. Bhí Aidan in arm na hÉireann ar feadh breis is 12 bhliain, agus bhí sé ina Chaptaen i gCór Ordanáis an Airm. Bhain sé amach céim M.B.A. (UCG), M.I.E. (UCD) agus B.Sc. (UCG). Is Stiúrthóir Cairte é le hInstitiúid na Stiúrthóirí.



An Dr Pat Duane, Bainisteoir Ginearálta agus Forbairt Chorporáideach, Creganna Medical

Ar an gcéad dul síos is eolaí é Pat Duane, a chaith an chuid is mó dá 22 bliain oibre in earnáil na bhfeistí leighis. Faoi láthair tá Pat ina Leas-Uachtarán agus ina Bhainisteoir Ginearálta Idirghabhála le Creganna Medical (cuideachta atá faoi úinéireacht ag TE Connectivity). Tá taithí fhorleathan aige ar an gceannaireacht sa tír seo agus thar lear, agus tá sé i gceannas faoi láthair ar eagraíocht gnó éagsúil ina bhfuil ionadaithe trasfheidhmiúla ar fud trí mhór-roinn. Áirítear leis an taithí a bhí aige roimhe seo ról shinsearach ghnó, taighde agus oibriúcháin i Medtronic Inc. Tá Dochtúireacht sa Ghnó ag Pat ó Henley Management College, Londain agus tá suim aige i gcomhtháthú fiontar beag nó meánmhéide sna corparáidí ilnáisiúnta a cheannaigh iad. Tá Céim Mháistir ag Pat sa Dearthadh Innealtóireachta ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus B.Sc. san Fhisic Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is mór ag Pat an nuálaíocht agus tá sé ainmnithe mar aireagóir ar níos mó ná 12 phaitinn a eisíodh i dtíortha éagsúla.



An tUasal Barry O'Sullivan, Príomhfheidhmeannach, Altocloud

Tá Barry O'Sullivan ina Phríomhfheidhmeannach ar Altocloud, cuideachta bogearraí a bhfuil sé ina mhisean aici feabhas a chur ar eispéiris rannpháirtíochta custaiméirí sa ríomhthráchtáil agus sa díolachán taobh istigh. Sular tháinig sé go dtí Altocloud, bhí sé ina Leas-Uachtarán Sinsearach le Cisco Systems agus ina theannta sin bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar roinnt rannán atá i bhfeighil ar ghnó ar fiú na billiúin dollar é, lena n-áirítear Comhoibriú agus Guthú thar IP, a thug sé ón séú háit chomh fada leis an gcéad áit i dtaobh sciar den mhargadh ar fud an domhain. Tá an chuid is mó dá shaol oibre caite ag an Uasal O'Sullivan in Silicon Valley, agus ghlac sé le post le Cisco in 2002, tar éis dó a bheith ina Bhainisteoir ar ghnó bogearraí Nortel d'ionaid teagmhála roimhe sin. Tá sé ina chomh-bhunaitheoir ar Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann. Tá Céim Bhaitsiléara aige san innealtóireacht leictreach ó UCC agus Céim Mháistir sa ríomheolaíocht ó Ollscoil Luimnigh, mar aon le Céim Mháistir sa riarachán gnó ó Ollscoil Santa Clara, California.



An tUasal Dermot Mulligan, Ard-Rúnaí Cúnta/Ceann na Rannóige Nuálaíochta agus Infheistíochta sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá Dermot ina Ard-Rúnaí Cúnta agus i gceannas ar an Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tuairiscíonn sé d'Ard-Rúnaí na Roinne agus don Aire agus áirítear lena chuid réimsí freagrachta ceapadh agus cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, forbairt Fiontar, cláir Trádála Thuaidh/Theas agus cláir Forbartha Gnó agus rannpháirtíocht na hÉireann i raon clár taighde agus teicneolaíochta idirnáisiúnta lena bhfuil baint ag an Aontas Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. D'oibrigh sé roimhe seo i Ranna Rialtais éagsúla lena n-áirítear an Roinn Sláinte, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá bunchéim sa Dlí aige agus M.Sc. (Eacnamaíocht) sa Staidéar Beartais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Warwick.

An Fhoireann Feidhmiúcháin



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus an Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Féach ar an bpróifíl iomlán ar leathanach 37.



An tUasal Donal Keane, Príomhoifigeach Oibríochtaí

Ceapadh an tUasal Donal Keane ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí ag SFI le feidhm ón 1 Samhain 2005, agus freagracht air as Deontais, TF, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Saoráidí. Tháinig Donal go dtí SFI ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire áit a raibh sé ina Rúnaí/Rialtóir Airgeadais idir 1997 agus 2005.

Roimhe sin, bhí poist ardbhainistíochta ag an Uasal Keane in Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus i dToronto Cheanada. Thug sé faoina chuid oiliúna gairmiúla ag Coopers & Lybrand ó 1978 go 1982. Tá céim B.Comm ag Donal Keane ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Comhalta é d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.



An Dr Abigail Ruth Freeman, Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide

Ceapadh an Dr Abigail Ruth Freeman ina Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide in 2013. Sular ceapadh chuig an bpost sin í, bhí poist éagsúla ag an Dr Freeman le SFI. Le déanaí bhí sí ina Stiúrthóir Clár, Fiontar agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, a bhí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach clár cistithe taighde de chuid SFI agus as bainistiú na ndámhachtainí cistithe, chomh maith le gníomhaíochtaí na Fondúireachta i gcomhar le lucht tionsclaíochta agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Roimhe sin, bhí ról ag an Dr Freeman mar Stiúrthóir Fiontar agus Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Ceann Tionscail agus Forbartha Taighde. Tháinig an Dr Freeman go dtí SFI mar Bhainisteoir an Chláir Eolaíochta i mí na Samhna 2006.

Sular thosaigh an Dr Freeman le SFI, bhí sí ag obair mar thaighdeoir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD). Tá céim PhD agus céim Bhaitsiléara sa Ghéineolaíocht aici ó TCD. Le linn di a bheith ina mac léinn ansin, bronnadh scoláireacht Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath uirthi, mar aon le Duais Cheimice Eli Lilly agus an Duais Roberts sa Bhitheolaíocht. Rinneadh taighde PhD an Dochtúra Freeman, ar ghéineolaíocht phobail i gcriosanna hibrideacha, a chistiú trí mheán scoláireacht ghradamach ón Wellcome Trust agus is i gColáiste na Tríonóide agus ILRI, Nairobi a bhí sí i mbun staidéir. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Foirne Taighde Choláiste na Tríonóide; an chéad chumann in Éirinn a dhéanann ionadaíocht ar thaighdeoirí ar conradh.



An Dr Darrin Morrissey, Stiúrthóir na gClár

Ceapadh an Dr Darrin Morrissey ina Stiúrthóir na gClár le SFI i mí Mheán Fómhair 2014. Tháinig Darrin go dtí SFI ó Stiefel, cuideachta faoi úinéireacht GlaxoSmithKline (GSK) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn táirgí deirmeolaíochta. Ag Stiefel, bhí ról aige mar Stiúrthóir Feabhsúcháin Gnó agus bhí sé freagrach as a bheith i gceannas ar fheidhmiú straitéise, bainistíocht athruithe agus claochlú gnó.

Thosaigh Darrin i mbun oibre le GSK ar dtús in 2007 mar Cheann Oinceolaíochta d'Éirinn agus bhí sé i gceannas ar bhunú gnó oinceolaíochta GSK agus ar sheoladh phunann teiripice oinceolaíochta agus haemaiteolaíochta na cuideachta. Le linn a chuid ama le GSK, d'fhóin Darrin freisin mar Stiúrthóir Margaíochta um Oinceolaíocht Dhomhanda agus freagracht air as straitéis seolta a fhorbairt le haghaidh sócmhainní teiripe meileanóma.

Sular thosaigh sé ag obair le GSK, bhí Darrin ag obair le roinnt cuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta – lena n-áirítear Sanofi-Aventis, Eli Lilly & Tibotec-Virco – i réimse ról a bhain le taighde tráchtála agus taighde cliniciúil.

Bhain Darrin amach B.Sc. sa Mhicribhitheolaíocht agus tá PhD aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí a chuid taighde PhD dírithe ar na meicníochtaí móilíneacha is bonn le meiteastáil ailse. D'oibrigh sé freisin mar thaighdeoir iardhochtúireachta in UCC, áit a raibh sé i mbun trialacha cliniciúla, na chéad chinn sa duine, ar tháirgí bia ina bhfuil baictéir phróibhitheacha.

Tá Dioplóma sa Chleachtas Ardbhainistíochta ag Darrin freisin, ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Struchtúr Eagraíochtúil

BORD SFI

An Coiste Iniúcháireachta

An Coiste um Rialachas Corparáideach

An Coiste um Cheadú Deontas

An Coiste Comhairleach um Fhorbairt
Bainisteoireachta/Ainmniúcháin chuig
an mBord



Oifig an Ard-Stiúrthóra
An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir
Fondúireacht Eolaíochta Éireann



An tUasal Donal Keane
B.Comm, FCA
Príomhoifigeach
Oibríochtaí

Joan Hynes Uasal

Bainisteoir Airgeadais agus Deontas

Una Clifford Uasal

Bainisteoir Acmhainní Daonna

An tUasal Eric Dowdall

Bainisteoir TF

Emma O'Driscoll Uasal

Bainisteoir na gCóras Faisnéise

Kim Lavelle Uasal
Rúnaí an Bhoird



An Dr Ruth Freeman
Stiúrthóir Straitéise agus
Cumarsáide

An Dr Peter Clifford

Bainisteoir na Rannóige um
Fheabhsú Feidhmíochta

Alva O'Clerigh Uasal

Bainisteoir Cumarsáide

Margie McCarthy Uasal

Ceann na For-Rochtana Poiblí
agus na Rannpháirtíochta



An Dr Darrin Morrissey
Stiúrthóir na gClár

An Dr Lisa Higgins

Ceann, Céim Réamh-Dhámhachtana

An Dr Michael Ryan

Bainisteoir Gnóthaí Eorpacha

An Dr Marion Boland

Ceann, Céim Iar-Dhámhachtana

An Dr Roisin Cheshire

Bainisteoir na Lárionaid Taighde

An Dr Siobhan Roche

Bainisteoir Comhpháirtíochta

Freagrachtaí an Bhoird

Tá comhfhreagracht ar an mBord maidir le treo straitéiseach na Fondúireachta a bhunú laistigh den chreat reachtaíochta agus de na hacmhainní arna leithdháileadh. Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as feidhmeanna lárnacha a shonraítear sa reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach as treoír agus tacaíocht a thabhairt don Ard-Stiúirthóir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Fhondúireacht a cuid oibleagáidí ábhartha, chun córas na Fondúireachta um rialú inmheánach airgeadais agus bainistíocht riosca a áirithiú, chun a chinntiú go gcloífear go hiomlán le riachtanais rialachais chorparáidigh maidir le gníomhaíochtaí na Fondúireachta agus maidir lena gcuid plé féin leis an bhFondúireacht. Déanann an Bord maoirsiú ar ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas agus ceadaíonn sé iad. Ceadaíonn an Bord an buiséad bliantúil, an buiséad caipitil agus an buiséad ioncaim agus déanann sé monatóireacht ar an gcaiteachas. Maoirsiú an Bord go bhfuil foireann bhainistíochta cháilithe agus struchtúr bainistíochta stuama i bhfeidhm.

Freagrachtaí an Chathaoirligh

Is iad príomhdhualgais an Chathaoirligh an bord a eagrú agus an clár oibre a leagan amach i gcomhair cruinnithe Boird, agus aird ar nithe straitéiseacha agus ar ábhair chúraim na gcomhaltaí Boird, agus a bheith ina chathaoirleach ar gach cruinniú Boird. Cinntíonn an Cathaoirleach freisin go bhfaighidh an Bord faisnéis atá cruinn, tráthúil agus soiléir faoi fheidhmíocht na Fondúireachta go háirithe, ionas gur féidir leis an mBord cinntí fóna a ghlacadh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh. Bíonn an Cathaoirleach freagrach as a chinntiú go gcuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar chomhaltaí an Bhoird agus go mbíonn deiseanna forbartha agus oiliúna ar fáil dóibh d'fhonn éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú. Bíonn an Cathaoirleach i gceannas ar na caighdeáin is airde a bhunú i dtaobh rialachas corparáideach agus as a chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Director General's Responsibilities

Foráiltear d'fheidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Ard-Stiúirthóra sa reachtaíocht bhunaitheach ón mbliain 2003. Leagtar amach sa reachtaíocht sin, i measc nithe eile, go bhfuil an tArd-Stiúirthóir freagrach as rannóga lárnacha na Fondúireachta a fhorbairt, lena n-áirítear bainistíocht straitéiseach ar bheartas, deontais, airgeadas, cumarsáid agus feidhmeanna idirnáisiúnta chun tacú le forbairt eagraíochta ardfheidhmíochta.

Ina theannta sin, tá an tArd-Stiúirthóir freagrach as pleananna agus beartais an Bhoird a chur chun feidhme agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt i gcomhair na Fondúireachta. Tá an tArd-Stiúirthóir freagrach freisin as cur leis an dea-cháil atá ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann thar lear agus, dá bharr sin, le dea-cháil an taighde eolaíoch in Éirinn. Buaileann an tArd-Stiúirthóir leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina cháil mar pháirtí leasmhar agus forbraíonn sé caidreamh cuí le comhghíomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile a bhíonn i mbun an taighde a chistiú. Cuireann an tArd-Stiúirthóir pleananna straitéiseacha agus buiséid atá beartaithe faoi bhráid an Bhoird agus tuairiscíonn sé don Bhord ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le forbairt agus oibríochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bhonn leagan síos spriocanna agus chomhaontú na bpríomhtháscairí feidhmíochta. Ina theannta sin, is é an tArd-Stiúirthóir atá freagrach as a chinntiú go bhfuil beartais chuí ag an bhFondúireacht maidir le soláthar foirne, rialachas corparáideach, soláthar, comhlíonadh, TF, cumarsáid agus bainistíocht riosca, agus déanann sé monatóireacht ar mar a chloítear leis na beartais. I dtaobh na forbartha, cinntíonn an tArd-Stiúirthóir go ndéantar beartais ar fhás agus éagsúlú seirbhíse a phleanáil agus a chur chun feidhme ar shlí éifeachtach.

Freagrachtaí Rúnaí an Bhoird

Tá Rúnaí an Bhoird freagrach don Fhondúireacht as an dea-rialachas agus as treoír a thabhairt don Bhord maidir lena chuid cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach. Coinníonn Rúnaí an Bhoird é féin nó í féin ar an eolas faoi cheanglais ábhartha na linne i dtaobh dlí, reachtaíochta agus rialála, agus ní mór don té sin a bheith in ann tacú le comhaltaí Boird neamhfeidhmiúcháin i gcomhlíonadh a gcuid dualgas. Tá Rúnaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gceapfar comhaltaí Boird mar is cuí agus cuidíonn sé nó sí le hionduchtúcháin agus oiliúint chomhaltaí an Bhoird. Eagraíonn Rúnaí an Bhoird cruinnithe Boird agus cruinnithe na gCoistí Boird, éascaíonn sé nó sí don sreabhadh faisnéise ardchaighdeáin chuig comhaltaí Boird lena chinntiú gur féidir leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus lena chinntiú go gcuirfeadh in iúl go cuí cinntí agus treoracha an Bhoird agus go gcuirfeadh i bhfeidhm iad. Tá Rúnaí an Bhoird freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt sa Rialachas Corparáideach agus san Eitic, as a áirithiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus as a chinntiú go gcloítear le prionsabail an dea-rialachais.

De ghnáth cuimsíonn Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann dá réag comhaltaí, arna gceapadh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de réir mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003.

Is é an córam atá sonraithe do Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ná cúigear comhaltaí. Tionóladh na sé chruinniú Boird seo a leanas de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann in 2015:

Dáta	Láthair	Líon na gComhaltaí a d'fhreastail air
An 11 Feabhra 2015	Óstán Theach Carton	10/12
An 13 Aibreán 2015	An Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	12/12
An 10 Meitheamh 2015	An Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	10/11
An 14 Meán Fómhair 2015	An Seomra Fada, Coláiste na Tríonóide	12/12
An 19 Deireadh Fómhair 2015	An Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/12
An 14 Nollaig 2015	An Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	11/12

Ionduchtúchán agus Forbairt Ghairmiúil

Cuireadh Seisiún Ionduchtúcháin ar bun do chomhaltaí nua an Bhoird ar an 29 Eanáir 2015, an 13 Aibreán agus an 7 Meán Fómhair. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar an mBord i dtaobh éifeachtacht an Bhoird agus i dtaobh cumarsáide ar an 11 Feabhra 2015. Cuireadh oiliúint i dtaobh Bainistíocht Riosca ar na comhaltaí Boird ar an 14 Nollaig 2015.

Comhaltaí an Bhoird

Na Comhaltaí Boird 2015

Ainm an Stiúrthóra	Tinreámh ag na Cruinnithe Boird (6 chruinniú)
Ann Riordan Uasal (Cathaoirleach)	6 as 6
Bernie Cullinan Uasal (Leas-Chathaoirleach)	6 as 6
An tOllamh Sir Tom Blundell	4 as 6
An Dr Rita Colwell	4 as 6
An tUasal Dermot Curran	2 as 2
An tUasal Aidan Donnelly	6 as 6
Mary Doyle Uasal	5 as 6
An Dr Pat Duane	5 as 6
An tOllamh Mark Ferguson	6 as 6
An tOllamh Liam Madden	5 as 6
An tUasal Barry O'Sullivan	6 as 6
Geraldine Ruane Uasal	6 as 6
An tUasal Dermot Mulligan	3 as 3

(1) I gcomhlíonadh Alt 9(3) agus 9(4) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 i dtaca le Ballraíocht an Bhoird, athcheapadh na Comhaltaí Boird seo a leanas chuig Bord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Iúil 2015:

- Bernie Cullinan Uasal; agus
- An Dr Pat Duane

(2) D'éirigh an tUasal Dermot Curran, ionadaí de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, as an mBord i mí Aibreáin 2015 agus tháinig an tUasal Dermot Mulligan i gcomharbas air i Meán Fómhair 2015

Coistí an Bhoird

An Coiste um Rialachas Corparáideach

Is é príomhról an Choiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr rialachais chorparáidigh agus príomhcháipéisí rialachais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; chomh maith leis sin ghlac an Coiste freagracht as cuspóirí a shonrú chun éifeachtúlacht an Bhoird agus na gCoistí a fheabhsú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chóid eitice d'fheidhmeannaigh, d'fhostaithe agus do chomhaltaí Boid. Ba é príomhchuspóir an Choiste ná a chinntiú go bhféadfaí deimhniúchán a bhaint amach i leith struchtúir agus nósanna imeachta rialachais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trí mheasúnú seachtrach SWIFT 3000. Bronnadh an deimhniúchán sin ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí an Mheithimh 2015.

Díscaoileadh an Coiste um Rialachas Corparáideach go foirmiúil ar an 14 Nollaig 2015 agus aistríodh na freagrachtaí a bhí air go dtí an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Líon na gCruinnithe: 0

Cathaoirleach: Aidan Donnelly

Ballraíocht: Ann Riordan agus Mary Doyle

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chóras na rialuithe inmheánacha agus na ráthaíochtaí airgeadais, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus as iniúchtaí a réachtáil i leith deontais a bhronnann Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar institiúidí seachtracha. Tá an Coiste freagrach as a chinntiú gur ann do chóras chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus chun gníomhaíochtaí maolaitheacha a chur i bhfeidhm, agus as an gcóras sin a choinneáil cothrom le dáta. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla san áireamh. Ó 2016, tá an Coiste freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas um rialachas corparáideach, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna leasú nó arna athbhreithniú.

Líon na gCruinnithe: Sé cinn

Cathaoirleach: Bernie Cullinan,

Ballraíocht: Geraldine Ruane, Aidan Donnelly, Marcus Breathnach

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	2015
Marcus Breathnach *	3 as 3
Bernie Cullinan	6 as 6
Brian Dalton **	3 as 3
Aidan Donnelly *	2 as 2
Pat Duane **	4 as 4
Geraldine Ruane	6 as 6

* Ceapadh Aidan Donnelly agus Marcus Breathnach ina gcomhaltaí den choiste.

** Chuaigh Brian Dalton agus Pat Duane ar scor ón gcoiste i mí Mheán Fómhair 2015.

An Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord

Tugadh an Coiste Comhairleach um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Ainmniúcháin chuig an mBord ar an gCoiste seo roimhe seo. I mí Mheán Fómhair 2015, roinneadh freagrachtaí an Choiste seo idir dhá Choiste ar leith, an Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord agus an Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Luach Saothair. Déanann an Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord machnamh ar na scileanna a theastaíonn ar Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar aon leis na réimsí cuí saineolais, agus cuireann sé comhairle chúil ar an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta nuair a bhíonn folúntais ar an mBord.

Líon na gCruinnithe: 2

Cathaoirleach: Ann Riordan

Ballraíocht: Ann Riordan, Mark Ferguson, Dermot Mulligan, Dermot Curran

An Coiste Comhairleach um Ainmniúcháin	2015
Dermot Curran *	1 as 1
Mark Ferguson	2 as 2
Dermot Mulligan **	1 as 1
Ann Riordan	2 as 2

* Chuaigh Dermot Curran ar scor ón gCoiste Comhairleach um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Ainmniúcháin chuig an mBord in Aibreán 2015.

** Ceapadh Dermot Mulligan ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Ainmniúcháin chuig an mBord i mí Mheán Fómhair 2015.

An Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Luach Saothair

Déanann an Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta agus Luach Saothair athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne ardbhainistíochta agus ar an bpleanáil don fhorbairt agus don chomharbas bainisteoireachta.

Líon na gCruinnithe: 1

Cathaoirleach: Ann Riordan

Ballraíocht: Ann Riordan, Bernie Cullinan

An Coiste um Fhorbairt Bainisteoireachta	2015
Bernie Cullinan	1 as 1
Ann Riordan	1 as 1

An Coiste Cumarsáide

Bunaíodh an Coiste Cumarsáide i mí na Feabhra 2015 chun comhairle a thabhairt maidir le straitéis chumarsáide Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a nuashonrú agus a athbhreithniú.

Líon na gCruinnithe: 4

Cathaoirleach: Ann Riordan

Ballraíocht: Ann Riordan, Aidan Donnelly, Barry O'Sullivan, Ruth Freeman/Niamh Lyons

An Coiste Cumarsáide	2015
Ann Riordan	4 as 4
Aidan Donnelly	4 as 4
Barry O'Sullivan	4 as 4
Ruth Freeman*	1 as 1
Niamh Lyons*	3 as 3

* Ceapadh Niamh Lyons ina Stiúrthóir Eatramhach Cumarsáide agus For-Rochtana le linn 2015 a fhad agus a bhí Ruth Freeman ar shaoire mháithreachais.

An Coiste um Cheadú Deontas

Tá an chumhacht tarmiligthe do Choiste Ceadaithe Deontas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun tograí i gcomhair deontais taighde a cheadú de réir na leibhéal údaráis tarmiligthe atá ceadaithe ag an mBord.

Líon na gCruinnithe: 6

Cathaoirleach: Liam Madden

Ballraíocht: Liam Madden, Pat Duane, Barry O'Sullivan, Rita Colwell, Martin Lyes, Mark Ferguson

An Coiste um Cheadú Deontas	2015
Rita Colwell	5 as 6
Pat Duane*	2 as 2
Mark Ferguson	5 as 6
Martin Lyes	5 as 6
Liam Madden	5 as 6
Barry O'Sullivan**	5 as 5

* Ceapadh Pat Duane ina chomhalta den Choiste i mí Mheán Fómhair 2015.

** Ceapadh Barry O'Sullivan ina chomhalta den Choiste i mí Feabhra 2015.

Fógraí Reachtúla agus Fógraí Eile

1. Comhaltaí Boird – Clár na Leasanna

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí agus sa leas a bhaineann sé as coistí. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn Comhaltaí Boird Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a gcuid leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí.

2. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001 ar an 1 Eanáir 2005. Tá forálacha an Achta comhlíonta ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina comhlacht forordaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ón 31 Bealtaine 2006. Cloíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann go hiomlán leis an Acht. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoin Acht sin a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2 nó ar an ríomhphost chuig sfifoi@sfi.ie

4. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

4.(i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tagann Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi shainchúram an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998, agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm ar an 7 Lúnasa 2002. Tá sé de bheartas ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann a chinntiú go n-íoctar na sonraisc go léir go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann na sonraisc uile a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlí. Cláraítear na sonraisc ar bhonn laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le forálacha an Achta sna poncanna ábhartha uile.

4. (ii) Íocaíochtaí pras le Soláthraithe

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tiomanta dá hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riall um Íoc Pras laistigh de 15 lá, riall a bhfuil éifeacht léi ón 1 Iúil 2011. Áirithítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe laistigh de 15 lá féilire i ndáil le gach sonrasc bailí a fhaightear. Tuairiscíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann gach ráithe sa rannóg “About SFI – Customer Service” den láithreán gréasáin faoi chur chun feidhme na Rialach um Íoc Pras laistigh de 15 lá.

6. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tugann Fondúireacht Eolaíochta Éireann tacaíocht iomlán do phrionsabal an chomhionannais deiseanna san fostaíocht. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn datha, cine, náisiúntachta, claonadh gnéasach, bunús eitneach nó bunús náisiúnta (agus/nó áit dúchais), reiligiúin, inscne, stádas pósta, aoise nó míchumais. Tá tiomantas Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i leith chur chun feidhme na gcomhdheiseanna léirithe ina beartais, ina cleachtais agus ina nósanna imeachta, san earcaíocht, san ardú céime, san oiliúint, agus i dtaobh teanga neamh-idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus foilseacháin de chuid na cuideachta. Déantar an méid sin chun a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolais agus a gcáilíochtaí amháin.

7. An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le Fondúireacht Eolaíochta Éireann in 2015.

8. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta thuasluaite, cuireann Fondúireacht Eolaíochta Éireann, i gcomhairle le GFT Éireann, bearta oiriúnacha chun feidhme ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas a fostaithe go léir agus na gcuairteoirí go léir ar a cuid oifigí.


9. Cairt Chliant

Tá Cairt Chliant foilsithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ina leagtar amach a tiomantas i ndáil le hardchaighdeán seirbhíse. Áirítear nós imeachta i dtaobh déileáil le gearáin sa Chairt sin. Ní bhfuarthas gearán ar bith faoin gCairt in 2015.

10. Tuairisciú ag Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) 542, 2009 tá dualgais shainiúla ar an earnáil phoiblí maidir le tuairisc a thabhairt ar úsáid fuinnimh. Tá oifigí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá saoráidí an fhoirgnimh á mbainistiú ag GFT Éireann. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí don fhoirgneamh, tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann sásta go ndéanann GFT Éireann a dícheall úsáid a bhaint as na modhanna is tíosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol. I gcomhlíonadh Ionstraim Reachtúil (I.R.) 542, 2009, tá sonraí tuairiscithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann i leith na húsáide fuinnimh don bhliain 2015 trí láithreán gréasáin monatóireachta agus tuairiscithe na hearnála poiblí.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003. Cuimsítear sna ráitis airgeadais an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar staid an airgeadais, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi Alt 24 den Acht, agus i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasáíochta a nglactar i gcoitinne leis.

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- ▶ cibé an amhlaidh nó nach amhlaidh go n-oireann na beartais chuntasáíochta do chúinsí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus gur cuireadh chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad
- ▶ a réasúnaí is a bhí meastacháin shuntasacha chuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- ▶ cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim chomh maith le linn m'iniúchta le fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim tuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon fhaisnéis a

aithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó ar neamhréir go hábhartha leis an eolas sin. Breathnaím ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagann sé chun m'fheasa gurb ann d'aon mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha dealraitheach.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

Is é mo thuairim i leith na ráiteas airgeadais:

- ▶ go dtugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain 2015; agus
- ▶ gur ullmhaíodh i gceart iad de réir an chleachtais cuntasáíochta a bhfuil glacadh coitianta leis.


Is é mo thuairim é gurbh leor taifid chuntasáíochta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go furasta agus go cuí. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasáíochta.

Nithe a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó más rud go bhfaighim

- ▶ cás ábhartha ar bith inarb amhlaidh nach raibh airgead á úsáid chun na críocha a bhí beartaithe ina leith nó cás ar bith inarb amhlaidh nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis arna rialú, nó
- ▶ nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó leis an bhfaisnéis a fuair mé agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam, nó
- ▶ nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais géilliúlacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- ▶ go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachta.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
An 27 Bealtaine 2016

Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Ráitis Airgeadais


Faoi Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 ceanglaítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chuí a choimeád ar an airgead go léir a fhaigheann sí agus a chaitheann sí, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus, go háirithe, na cuntais speisialta go léir a d'fhéadfadh an tAire a threorú ó am go chéile a choimeád san fhoirm réamhluaite sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin sa chás nach bhfuil sé cuí a thiomhdiú go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar aghaidh ag feidhmiú;
- ▶ A lua cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe nó nár leanadh, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais imleora a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnach a staid airgeadais ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais fhoriomlána Alt 24 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaais agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, aithním an fhreagracht atá orainn i dtaobh a áirithiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní fhéadfaidh an córas ach dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an Bord tar éis céimeanna a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- ▶ Freagrachtaí agus cumhachtaí an lucht bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- ▶ Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- ▶ Cultúr freagrachta a chothú ar gach leibhéal san eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas mar seo a leanas:

- ▶ A bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla d'fhonn a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag daoine ar chuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar aon le tacaíocht do na straitéisí atá leagtha síos ag na Gníomhaireachtaí chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh;
- ▶ Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, idir ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí i ndáil leis na pleananna sin a chur i ngníomh;
- ▶ Spriocanna bliantúla a shocrú i ndáil le gach réimse dár ngnó mar aon le tuairiscí rialta dá réir ar na torthaí;

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat ina gcuimsítear faisnéis bhainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligín agus freagrachta. Áirítear leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- ▶ Córas buiséadaithe cuimsitheach ina bhfuil buiséad bliantúil arna athbhreithnú agus arna aontú ag an mBord;
- ▶ Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;

Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

- ▶ Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadal;
- ▶ Treoirínte soiléire i dtaobh an infheistíochta chaipitil a rialú.

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí bunaithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, de réir an Chreata atá sonraithe sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a thuiriscíonn go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Comhaontaíonn an Coiste Iniúcháireachta plean oibre bliantúil i leith na hIniúcháireachta Inmheánaí. Bíonn obair na hIniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an comhlacht neamhchosanta. Buailteann an Coiste Iniúcháireachta le chéile sé huairé in aghaidh na bliana agus déanann sé athbhreithniú ar thoradh na n-iniúchtaí inmheánacha sainiúla agus ar leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Dírítear aird sna tuarascálacha sin ar easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras um rialú inmheánach airgeadais agus ar na bearta ceartaitheacha a mholtar a chur i bhfeidhm nuair is cuí.

Bíonn cruinnithe rialta ag Coiste Bainistíochta Riosca chun na rioscaí a aithnítear ar fud na Fondúireachta a athbhreithniú agus a bhainistiú. Déantar na rioscaí sin a rangú agus a nuashonrú ar Chlár Rioscaí cuimsitheach SFI, a thuiriscítear mar mhír sheasta ag cruinnithe de chuid Choiste Iniúcháireachta SFI agus a thugtar tuairisc thréimhsiúil don Bhord ina leith.

Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de bharr obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh, de bharr an rialaithe arna chur i bhfeidhm ag na Bainisteoirí Feidhmíocháin laistigh de SFI atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata airgeadais, agus de bharr na nótaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais le haghaidh 2015.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000 <i>athluaite</i>
Ioncam			
Deontas Oireachtais	2	170,439	162,365
Ioncam Eile	3	824	590
Glanchistí larchurtha i leith Pinsean	5(c)	1,145	476
		172,408	163,431
Caiteachas			
Riarachán, Oibríochtaí & Cur Chun Cinn	4	8,714	8,904
Dímheas	6	115	247
Costais Sochar Scoir	5(a)	954	401
Deontais Iníochta	9(a)	162,706	153,905
		172,489	163,457
Barrachas an Chaiteachais thar Ioncam		(81)	(26)
Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil	7	(122)	151
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasáí		(203)	125
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail an 1 Eanáir 2015		829	704
Iarmhéid Curtha ar Aghaidh amhail an 31 Nollaig 2015		626	829

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe gach gnóthachan agus cailteanas a aithníodh sa bhliain.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go Nóta 17.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

Nótaí	2015 €'000	2014 €'000 <i>athluaite</i>
Barrachas/(Easnamh) roimh Leithreasáí	(81)	(26)
Gnóthachain/(caillteanais) ar oibleagáidí sochar scoir	(469)	164
Athruithe ar na toimhdí is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir	(589)	(126)
Iomlán an Ghnóthachain/(Chailteanais) Achtúirigh sa tréimhse	(1,058)	38
Coigeartú ar chistiú iarchurtha i leith sochair scoir	1,058	(38)
Ioncam/(Caillteanas) Cuimsitheach Eile don bhliain	(81)	(26)

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go Nóta 17.

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann:



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000 <i>athluaite</i>
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	8	220	98
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	10	723	453
Airgead agus Coibhéisí Airgid		333	752
		1,056	1,205
Dlíteanais Reatha (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Iníoctha	11	(430)	(376)
Glansócmhainní Reatha		626	829
Dlíteanais Fhadtéarmacha (Méideanna atá dlite tar éis bliain amháin)		-	-
Sochair scoir			
Dlíteanas Pinsean	5(b)	10,076	7,873
Sócmhainn Cistithe larchurtha i leith Pinsean	5(c)	(10,076)	(7,873)
		-	-
Iomlán na nGlansócmhainní		846	927
A léiríonn:			
Cuntas Caipitil	7	220	98
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe		626	829
		846	927

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nóta 1 go Nóta 17.

Thar ceann an Bhoird:



Ann Riordan Uasal
Cathaoirleach



An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Dáta: an 17 Bealtaine 2016

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000 <i>athluaite</i>
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas an Chaiteachais thar Ioncam		(81)	(26)
Dímheas ar Shócmhainní Seasta	6	115	247
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	10	(270)	(69)
Méadú/(Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha	11	54	108
(Glan-eis-sreabhadh)/Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(182)	260
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil	8	(237)	(96)
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(237)	(96)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
(Glanmhéadú)/Glanlaghdú ar Airgead agus Coibhéisí Airgid		0	0
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir 2015		752	588
Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig 2015		333	752

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

1 Beartais Chuntasaíochtas

Leagtar amach thíos bunús na cuntasíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad le linn na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, agus faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013, lena Príomhoifig ag Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar atá leagtha amach faoi alt 7 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, arna leasú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013:

Déanann Fondúireacht Eolaíochta Éireann cistiú ar bhuntaighde saindirithe agus taighde feidhmeach i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, agus na matamaitice (STEM) a dhéanann forbairt agus iomaíochas tionscail, fiontar agus fostaíochta in Éirinn a chur chun cinn, agus cuidiú leis an gcéanna. Ina theannta sin, cuireann an Fhondúireacht chun cinn staidéar a dhéanamh ar na hábhair STEM, oideachas sna réimsí sin agus gabháil do na réimsí sin, agus tacaíonn sé leo, mar aon le heolas agus tuiscint a chothú ar fhiúntas na n-ábhar STEM don tsochaí agus, go háirithe, d'fhás an gheilleagair.

Eintiteas Leasa Phoiblí is ea Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

(b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairiscíú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo na chéad ráitis airgeadais de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é an 1 Eanáir 2014 dáta an aistriú go dtí FRS 102. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe a athlua i leith coigeartuithe ábhartha ar ghlacadh FRS 102 sa bhliain reatha. Tá toradh an ghlactha sin le feiceáil i Nóta 16.

(c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe arna dtomhas ar a luach cóir mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003 agus faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) (Leasú) 2013.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

(d) Ioncam

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhrúithe, ach amháin i gcás Dheontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, agus é coigeartaithe le haghaidh soláthar ar bith in aghaidh lagaithe. Déantar dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim thar a saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

- | | |
|--|---------|
| (i) Trealamh Ríomhaireachta agus Bogearraí Ríomhaire | 3 years |
| (ii) Gléasra agus Trealamh | 5 years |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn d'aois agus sa riocht cheana féin a bheifeá ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

(f) Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáidtear le haghaidh Maoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach agus déantar é a dhíscríobh ar aon dul leis an mbeartas dímheasa i leith na sócmhainní sin.

(g) Airgeadra Eachtrach

I gcás sócmhainní agus dliteanais airgid atá in airgeadra eachtrach, aistrítear iad ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe leis na barrachais nó na heasnamh a eascraíonn dá réir.

(h) Sochair d'Fhostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus déantar na sochair atá fabhrúithe ag deireadh na bliana a áireamh san fhiúir i leith Méideanna Iníochta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscáileadh) 2014 (Uimh. 13 de 2014) a ritheadh le bheith ina dhlí ar an 16 Iúil 2014, rinneadh foráil do dhíscáileadh Forfás agus do bhunú Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar fhostóir dlíthiúil ar leith. Faoin reachtaíocht:

- ▶ Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach as a scéim pinsin féin a bhunú.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

- ▶ I gcás chomhaltaí foirne SFI a bhíodh i Scéim Pinsin Fhorfás, glacfaidh siad páirt sa scéim nua ar théarmaí aoisliúntais nach lú fabhar ná na téarmaí a bhí ag na comhaltaí foirne sin faoi scéim Fhorfás díreach roimh an dáta aistrithe.
- ▶ Tá SFI freagrach as pinsin na gcomhaltaí foirne a rachaidh ar scor i ndiaidh an 16 Iúil 2014.
- ▶ Tá freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as scéim pinsin reatha Fhorfás agus pinsinéirí reatha SFI agus iarchomhaltaí foirne a bhfuil sochair choinnithe acu.
- ▶ Is leis an Státchiste a íoctar ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe.

Ina theannta sin, feidhmíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”), arb éard atá i gceist léi scéim pinsin le sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn na costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe, agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne arna n-íoc leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Aithnítear mar ioncam méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin ar an mbonn go bhfuil sé in-aisghabhála.

Léirítear cailteanais nó gnóthachain achtúireacha ar dlíteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghafa ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar a luach cóir, na sócmhainní agus na dlíteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu an costas i dtaobh na sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaoíochta ina dtuilleann na fostaithe iad. Déantar dlíteanais scéime sochar scor a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Is ionann an cistiú iarchurtha i leith pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i dtréimhsí amach anseo.

(i) Léasanna Oibríochta

Aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe an caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta de réir mar a bhíonn sé dlite.

(j) Íocaíochtaí Deontas Taighde

Déantar méideanna a íoctar le Comhlachtaí Taighde de bhun deontais taighde a chur de mhuirear an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i mbliain a n-íocaíochta.

(k) Breithiúnais agus Meastacháin Ríthábhachtacha Cuntasaíochta

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanfadh an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanann difear do na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dlíteanas amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Toisc gur meastachán atá i gceist, áfach, d’fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasáí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaol na sócmhainní agus ar a luachanna iarmharacha dá réir i gcás gach cineál sócmhainne seasta, agus go háirithe, ar shaol eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus na bhfeisteas, agus chinn siad go raibh saol na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar na toimhdí is bonn leis an luachálacha achtúireacha faoina gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaire, rátaí méadaithe i leibhéal an chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treochtaí i rátaí costas cúraim sláinte) ar bhonn na ndálaí eacnamaíochta reatha, agus i leith aon athruithe ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus na bpleananna iar-scoir.

D’fhéadfadh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

- (i) An ráta lascaire, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta
- (ii) Leibhéal chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo
- (iii) Athruithe déimeagrafaice

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

2 Deontas Oireachtais

Cuimsítear sna Deontais Oireachtais a léirítear sna ráitis airgeadais a vótáil an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ó Vóta 32, an Clár Forbartha Eolaíochta agus Teicneolaíochta, iad seo a leanas:

		2015 €'000	2014 €'000
Deontais do Chaiteachas Reatha			
Pá – Nóta 1*	Fotheideal B.4.2	3,709	3,725
Costais Riaracháin	Fotheideal B.4.2	4,730	5,100
Deontais i leith Caiteachas Caipitiúil			
Deontais Taighde	Fotheideal B.4.2	162,000	153,540
		170,439	162,365

* Nóta 1 – Tá Léithdháileadh Pá 2015 luaite glan ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe dar luach €191,000 (2014: €75,000) a íocadh leis an Státhchiste.

Faoi Alt 11 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993, arna leasú ag Alt 4(a) den Acht um Fhorbairt Tionscail, 2009, ní mó ná €7,000,000,000 a bheidh méid comhiomlán na ndeontas arna ndéanamh ag an Aire le Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann le cur ar a gcumas dóibh a gcuid oibleagáidí agus dliteanas Caipitiúil a ghlanadh. Amhail an 31 Nollaig, 2015 bhí an méid comhiomlán a cuireadh ar fáil do na trí Ghníomhaireacht cothrom le €5.52 billiún (2014: €5.190 billiún).

3 Ioncam Eile

Cistiú Deontas Taighde:

	2015 €'000	2014 €'000
Cistiú i leith Deontas Taighde do Thaighdeoirí Tosaigh [Nóta (i)]	367	-
Teagasc [Nóta (ii)]	186	361
Comhchiste Chumann Ailse na hÉireann	142	-
An Bord Taighde Sláinte – Comhchiste Comhpháirtíochta T&F na Stát Aontaithe/na hÉireann	-	4
Comhchistiú Iomlán Deontas	695	365
Comhchiste ERACoSysMed	11	-
Gníomhaireacht Spáis na hEorpa [Nóta (iii)]	120	120
NanoSciE+ [Nóta (iv)]	(2)	99
Eile	-	6
Iomlán	824	590

(i) Ranníocaíocht Chiste Marie Curie an AE in 2015 i dtreo dámhachtainí do Thaighdeoirí Tosaigh a rinneadh in 2012.

(ii) Ranníocaíocht ó Theagasc i leith comhchistiú 50% ar dhá dhámhachtain a rinne SFI in 2014 faoi Chlár na dTaighdeoirí 2013. Tá ranníocaíochtaí a fuarthas faoi Chomhchistiú Deontas do Theagasc san áireamh in Iomlán na nÍocaíochtaí Deontas in 2015, is é sin €162,706,039.

(iii) Cistiú ag eascairt as conradh bliantúil idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa le haghaidh cur chun feidhme Oifig Acmhainne um Oideachas Spáis na hEorpa (ESERO) in Éirinn

(iv) Gairm Thaighde Chomhoibrithigh Naineolaíochta E+ AE – is ionann an t-ioncam agus an íocaíocht deiridh atá dlite ón AE i ndáil leis an gclár seo.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

4 Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

	Notes	2015 €'000	2014 €'000
Luach saothair agus costais phá eile	4(a)	4,274	4,002
Bainistíocht Clár		768	864
Cóiríocht		810	843
Seirbhísí Gairmiúla agus Seirbhísí Tacaíochta		341	413
Seirbhísí Cuntasaíochta agus Seirbhísí Iniúcháireachta Inmheánaí		186	127
Margaíocht agus Tacaíochtaí		1,259	1,630
Sainseirbhísí agus Seirbhísí Oideachais		212	199
Tacaíocht agus Bonneagar TF		514	489
Bainistíocht Acmhainní Daonna*		36	76
Costais Riaracháin		288	236
Táille Iniúcháireachta		26	25
Iomlán		8,714	8,904

* Tá caiteachas foirne €3,350 (2014: €3,934) san áireamh san fhiigiúr atá luaite le Bainistíocht Acmhainní Daonna.

4 (a) Luach saothair agus costais phá eile

		2015 €'000	2014 €'000
Tuarastail Foirne		3,536	3,341
Ranníocaíocht na bhfostóirí i leith Leas Sóisialach		317	310
Pá saoire fabhráithe		38	4
Oiliúint agus Forbairt Foirne		89	102
Costais taistil agus cothabhála foirne		136	107
Luach Saothair agus Speansais na gComhaltáí Boird	4(c)	158	136
Costais Aoisliúntais		-	2
Iomlán		4,274	4,002
Poist Cheadaithe		49	49
Líon iarbhir daoine fostaithe		49	49

D'asbhain Fondúireacht Eolaíochta Éireann tobhaigh phinsin dar luach €239,705 (2014: €234,179) ón bhfoireann, suim airgid a íocadh leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

4 (b) Miondealú ar na sochair d'fhostaithe

Réimse na sochar fostaithe go léir		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2015	2014
€60,000	- €69,999	17	13
€70,000	- €79,999	6	8
€80,000	- €89,999	1	1
€90,000	- €99,999	7	7
€120,000	- €129,999	2	2
€140,000	- €149,999	1	1
€170,000	- €179,999	1	1

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

4 (c) Luach Saothair na gComhaltaí Boird

2015	Táillí Boird	Speansais Dheimhnithe	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	Táillí Boird	Speansais Dheimhnithe	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
	2015	2015	2014	2014	2014	
	€	€		€	€	
Comhalta Boird						
Ann Riordan (Cathaoirleach)	20,520	1,492	6 as 6	20,534	920	6 as 6
Sir Tom Blundell	13,336	2,597	4 as 6	-	-	0 as 1
Barry O Sullivan	-	18,567	6 as 6	-	-	1 as 1
Mark Ferguson	-	-	6 as 6	-	-	6 as 6
Rita Colwell	11,970	18,212	4 as 6	11,970	18,465	6 as 6
Bernie Cullinan	11,970	1,492	6 as 6	11,970	350	5 as 6
Geraldine Ruane	998	125	6 as 6	11,979	318	6 as 6
Pat Duane	11,970	3,078	5 as 6	11,970	170	4 as 6
Dermot Mulligan	-	-	3 as 3	-	-	-
Aidan Donnelly	11,970	1,887	6 as 6	11,979	350	6 as 6
Mary Doyle	-	125	5 as 6	-	-	5 as 6
Liam Madden	-	16,527	5 as 6	-	10,441	5 as 6
Dermot Curran	-	125	2 as 2	-	298	5 as 6
Sean Ahearne	-	-	-	6,789	-	3 as 3
Peter MacDonagh	-	-	-	6,789	1,171	3 as 3
Speansais Ghinearálta an Bhoird		10,712	n/b		9,101	n/b
Iomlán	82,734	74,939		93,980	41,584	

Íoctar táillí le comhaltaí Boird faoi mar a chinneann an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá Comhaltaí Boird áirithe nach bhfuil i dteideal táillí a fháil ó SFI faoi na socrúithe luach saothair “Duine Amháin Tuarastal Amháin” faoinarb amhlaidh nach féidir le seirbhísigh phoiblí Táillí Boird a fháil i dteannta le tuarastal. Ina theannta sin, tá beirt chomhaltaí Boird, an tOllamh Liam Madden agus an tUasal Barry O’Sullivan, tar éis a gcuid táillí Boird a tharscaoileadh.

Is thar lear atá na Comhaltaí Boird seo a leanas bunaithe: Tá Sir Tom Blundell bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus is i Stáit Aontaithe Mheiriceá atá Rita Colwell, Barry O’Sullivan agus Liam Madden.

Bhí pacáiste luach saothair an Ard-Stiúrthóra don bhliain 2015 mar seo a leanas: tuarastal bliantúil bunúsach €175,554 (2014: €175,554) agus bhí feidhm ag socrúithe caighdeánacha um pinsean na hearnála poiblí. Ní raibh aon bhónas feidhmíochta infheidhmíthe.

Tá an tOllamh Ferguson ina Phríomhchomhairleoir Eolaíochta don Rialtas freisin, ról a bhíodh faoi riarachán Fhorfás roimhe seo. Níl aon luach saothair ag gabháil leis an ról sin agus íocann SFI na costais riaracháin uile i ndáil leis na dualgais sin. Bhí speansais iomlána an Ard-Stiúrthóra don bhliain i ndáil leis an dá ról cothrom le €23,409 (2014: €34,505), dar bhain €4,841 (2014: €7,827) le gníomhaíochtaí an Phríomhchomhairleora Eolaíochta.

Áirítear i measc chostais ghinearálta an Bhoird don bhliain 2015 costais chóiríochta agus costais bhéilí a bhain le cruinnithe Boird a reáchtáladh lasmuigh d’oifigí SFI.

Tionóladh sé chruinniú Boird in 2015. Ceapadh daoine chuig an mBord agus d’éirigh daoine as a ról ar an mBord in 2015 mar seo a leanas:

1. Chuaigh Dermot Curran ar scor ar an 17 Aibreán 2015
2. Chuaigh Bernie Cullinan ar scor agus athcheapadh í ar an 24 Iúil 2015.
3. Chuaigh Pat Duane ar scor agus athcheapadh é ar an 24 Iúil 2015.
4. Ceapadh Dermot Mulligan ar an 2 Meán Fómhair 2015

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

5 Costais Sochar Scoir

(a) Anailís ar na costais sochar scoir iomlána a cuireadh de mhúirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

	2015 €'000	2014 €'000
Costas Seirbhíse Reatha	948	356
Ús ar Dhhliteanais na Scéime Sochar Scoir	197	120
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(191)	(75)
	954	401

(b) Gluaiseacht sna glanibleagáidí sochar scoir i rith na bliana airgeadais

	2014 €'000	2013 €'000
Glanibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir	7,873	-
Aistriú ó Fhorfás	-	7,435
Costais Seirbhíse reatha	948	356
Costais Úis	197	120
Íocaíochtaí le Pinsinéirí (Gnóthachan)/Cailteanas Achtúireach	-	-
	1,058	(38)
Glanibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	10,076	7,873

(c) Cistiú Iarchurtha i leith Sochair Scoir

Aithníonn an Bord na méideanna seo mar shócmhainn atá comhfhreagrach leis an dliteanas iarchurtha neamhchistithe i leith sochair scoir ar bhonn na dtoimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus roinnt teagmhas a tharla san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochar scoir, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú lena n-áirítear ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus próiseas bliantúil na meastachán. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas cistithe sin ag freastal ar na méideanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanchistiú iarchurtha i leith sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:

	2015 €'000	2014 €'000
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais sochar scor na Bliana Reatha	1,145	476
Deontas Stáit a úsáideadh chun sochair scoir a íoc	-	-
	1,145	476

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

(d) Cur Síos Ginearálta ar an scéim

Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann freagrach as costais phinsin na ndaoine seo a leanas:

1. comhaltaí foirne le héifeacht ón 16 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014. I gcás na gcomhaltaí foirne atá/a bhí ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin Fhorfás, ghlac siad páirt i scéim pinsin nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar théarmaí aoisliúntais nach lú fabhair ná iadsan a bhí acu faoi scéim Fhorfás díreach roimh an dáta aistrihe ó Fhorfás go dtí SFI.
2. comhaltaí foirne ar comhaltaí iad de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí

Is scéimeanna pinsin le sochair shainithe iad an dá scéim sin agus déantar iad a chistiú go hiomlán gach bliain ar bhonn ‘íoctar mar a thuilltear’ ó airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil.

